# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine atá ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman




wwetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman
*Waterford and Wexford Education and Training Board*

Ceannoifig,
Ard Chaomháin,
Páirc Gnó Ard Chaomháin,
Co. Loch Garman, Y35 P9EA

Teil.: 053 9123799
Ríomhphost: info@wwetb.ie

# Clár Ábhar


**1 Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman ..... 3**
1.1 Ár Misean agus Ár bhFís ..... 6
1.2 Ár gCroíluachanna ..... 7
1.3 Struchtúr Eagraíochta ..... 8
1.4 Scoileanna ..... 9
1.5 Struchtúr agus Forbairt Eagraíochta ..... 11
1.6 Breisoideachas agus Oiliúint ..... 11
1.7 An Coiste um Chomhionannas agus Cearta an Duine ..... 12
**2 Réamhrá maidir le Dualgas Earnála Poiblí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ..... 13**
2.1 An tAcht um Stádas Comhionann ..... 14
2.2 Cearta an Duine ..... 15
2.3 Reachtaíocht Eile ..... 16
**3 Dualgas Earnála Poiblí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 17**
**4 Measúnú ar Cheisteanna Chearta an Duine ..... 19**
**5 An Bonn Fianaise don Mheasúnú seo ..... 20**
**6 Staid, Eispéireas agus Féiniúlacht ..... 21**
**7 Inscne – Mná ..... 22**
7.1 An Bhearna Phá idir na hInscní ..... 24
7.2 Mná atá i mBochtaineacht Sheasta ..... 24
7.3 Foréigean in aghaidh na mBan ..... 25
**8 Inscne – Fir ..... 26**
8.1 Foréigean in aghaidh na bhFear ..... 26
8.2 Fir agus Meabhairshláinte ..... 26
**9 Inscne – Daoine Trasinscneacha (Mná agus Fir) ..... 28**
9.1 Na tosca riosca d'fhoréigean dlúthpháirtnéara agus d'fhoréigean gnéasach araon ..... 29
**10 Stádas Teaghlaigh ..... 30**
10.1 Cúramóirí Teaghlaigh ..... 30
10.2 Tuismitheoirí Aonair ..... 31
**11 Gnéaschlaonadh ..... 32**
11.1 Eispéireas Daoine LADTAIÉ+ ..... 32
11.2 Daoine LADTAIÉ+ ar Scoil ..... 32
**12 Míchumas ..... 34**
12.1 Míchumas – Sláinte agus Soláthar Seirbhíse ..... 34
12.2 Míchumas agus Oideachas ..... 35
12.3 Míchumas agus Fostaíocht ..... 37
**13 Cine ..... 38**
**14 Duine a bheith ina d(h)uine den Lucht Siúil ..... 40**

**14.1** Eispéireas an Lucht Siúil ar an Oideachas ........ 41
**15 An Pobal Romach in Éirinn ........ 43**
**15.1** Romaigh agus Oideachas ........ 44
**15.2** Deacrachtaí Litearthachta ........ 44
**16 Míbhuntáiste Eacnamaíoch ........ 45**
**16.1** Eispéiris Dhíobhálacha Óige ........ 46
**16.2** Timpeallachtaí Díobhálacha Pobail ........ 47
**16.3** Cur Chuige atá Bunaithe ar Eispéiris Dhíobhálacha Óige ........ 49
**17 Cruinniú Bailíochtúcháin le Geallsealbhóirí ........ 50**
**18 Príomh-Mholtaí agus Gníomhartha Beartaithe ........ 51**
**19 Conclúid ........ 63**
Aguisín 1 ........ 64
Tagairtí ........ 69



Tuarascáil arna tiomsú ag

**Rosalind Threadgold**

*Oifigeach Rochtana agus Cuimsithe (Breisoideachas agus Oiliúint)*

# 1. Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman


Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (an Bord Oideachais agus Oiliúna) an 1 Iúil 2013. Rinne sé Ionaid Oiliúna SOLAS i bPort Láirge agus i Loch Garman a ghlacadh go hoifigiúil isteach ina chuid seirbhísí an 1 Eanáir 2014.

Soláthraíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna raon cuimsitheach seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus tá sé ar an soláthraí oideachais agus oiliúna is mó ar fud an dá chontae, ag gníomhú dó trí Bhunscoileanna, trí Choláistí Dara Leibhéal, trí Choláistí Breisoideachais, trí Ionaid Bhreisoideachais, trí Ionad Oideachais Allamuigh, trí Sheirbhísí Óige agus trí Ionaid Oiliúna. Soláthraítear oideachas agus oiliúint i láithreacha pobail freisin trí chláir Oideachais Aosach agus trí thionscnaimh Oideachais Pobail.

Agus breis agus 1,600 ball foirne aige, is mórfhostóir san oirdheisceart é an Bord Oideachais agus Oiliúna freisin agus tá bród air as a bheith ina fhostóir tarraingteach d'fhostaithe ionchasacha (Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, 2018). Is amhlaidh atá dúshláin mhóra le sárú agus é ag freastal ar dhobharcheantar méadaitheach ina gcónaíonn ceathrú milliúin duine, agus roinnt limistéar áitiúil thíos le hardleibhéil díothachta, le hardleibhéil spleáchais aoise agus le híseal-leibhéil oideachais (SOLAS, 2018).



# Láthair na nIonad laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna




### Coláistí Iar-Bhunoideachais

Coláiste Bhaile an Droichid
Gairmcholáiste Bhun Clóidí
Coláiste Abbáin
Coláiste an Átha
Coláiste Chathail Naofa
Coláiste Creagh
Gairmcholáiste Inis Córthaidh
Coláiste Uí Chinnéide
Meánscoil San Nioclás
Coláiste Sheilsceire
Coláiste Pobail Naomh Déaglán
Coláiste Pobail Naomh Pól

### Coláiste Iar-Ardteistiméireachta

Coláiste Breisoideachais Phort Láirge

### Pobalscoileanna a bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna mar chomhphátrún orthu

Pobalscoil na hAbhann Duibhe
Pobalscoil Ghuaire
Pobalscoil na Gráinsí

### Ionaid Riaracháin

Ceannoifig, Ard Chaomháin, Loch Garman
Fo-oifig Dhún Garbhán
Ionad Oiliúna Phort Láirge

### Ionaid Ógtheagmhála

Dún Garbhán
Inis Córthaidh
Guaire
Ros Mhic Thriúin
Ionad Subla, Port Láirge
Trá Mhór
Port Láirge
Loch Garman

### Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór
Ionad Oideachais Aosach Loch Garman, An Geata Thiar, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman
Ionad Litearthachta Aosach Dhún Garbhán
Ionad Oideachais Aosach Chearnóg an Iarnróid, Port Láirge
VTOS Phort Láirge, Durands Court, Port Láirge
VTOS Choláiste Breisoideachais Phort Láirge, Teach Burchall, Port Láirge
Ionad Oiliúna Phort Láirge
Ionad Oiliúna Loch Garman

### Oideachas agus Oiliúint Allamuigh

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh, Síol Beagáin

**Fíor 1:** Raon Geografach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (SOLAS, 2018), Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

# 28,400
# An Líon Mac Léinn agus Foghlaimeoirí

1,850 Líon Ball Foirne
3,086 An Líon Cúrsaí

**29**
An Líon Ionad Breisoideachais agus Oiliúna

**13**
An Líon Coláistí Iar-Bhunoideachais (1 Choláiste Iar-Ardteistiméireac hta san áireamh)

**1**
An Líon Pobalscoileanna Náisiúnta

## 3 An Líon Pobalscoileanna atá faoi Phátrúnacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

**€147m**
An Buiséad Bliantúil

**700**
An Líon Cuideachtaí ar Tacaíodh Leo

**65**
An Líon Printíseachtaí ar Tacaíodh Leo (13 phrintíseacht inmheánacha san áireamh)

**Fíor 2:** Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman de réir na bhFigiúirí (Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, 2018)

# 1.1 Ár Misean agus Ár bhFís

Is é an misean atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman raon leathan clár oideachais agus oiliúna, seirbhísí agus tacaí a sholáthar do leanaí, do dhaoine óga agus d'aosaigh ar fud réigiún Phort Láirge-Loch Garman. Féachann Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman leis an bhfoghlaim a threorú trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach, sofhreagrach agus nuálach a sholáthar inár bpobal. (Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, 2018)

*Tá ríthábhacht ag baint le Cearta an Duine agus Comhionannas maidir leis an tiomantas atá againn do cháilíocht agus ardchaighdeáin a bhaint amach maidir leis an oideachas agus an oiliúint a sholáthar agus maidir leis an bhfostaíocht.*

- *Tabharfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna tús áite do na riachtanais agus na hardaidhmeanna atá ag na pobail agus na foghlaimeoirí éagsúla inár ndobharcheantar agus atá ag ár mbaill foirne agus freagróidh sé do na riachtanais agus na hardaidhmeanna sin.*
- *Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna tiomanta don dualgas earnála poiblí atá air (faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014) a chomhlíonadh chun idirdhealú a dhíchur, chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus chun cearta an duine a chosaint le linn dó a fheidhmeanna a chur i gcrích.*
- *Déanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna aird ar chomhionannas agus cearta an duine a leabú isteach ina chláir agus ina oibríochtaí uile.*

*Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman 2018-2022*
*(Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, 2018)*

## Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman Beartas Comhionannais

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (dá ngairtear an Bord Oideachais agus Oiliúna anseo feasta) tiomanta do thimpeallacht oibre agus foghlama a sholáthar atá saor ó idirdhealú d'aon chineál agus d'éagsúlacht, cothroime agus cothromas a chur chun cinn i nithe a bhaineann leis an bhfoghlaim, le hearcaíocht, le hardú céime, le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus le rochtain ar oiliúint agus forbairt. Is ceanglas é sin faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus faoin ráiteas ón mBord Oideachais agus Oiliúna maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas.

*(Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, Beartas Comhionannais, 2019)*

# 1.2 Ár gCroíluachanna

Is iad seo a leanas na croíluachanna a gcreidimid gur cheart do gach ball foirne úinéireacht a ghlacadh orthu agus ar cheart iad a bheith le feiceáil i ngach rud a dhéanaimid mar oideoirí:

## Meas

Tugaimid meas orthu sin go léir a bhaineann leas as ár seirbhísí, orthu sin go léir a sholáthraíonn ár seirbhísí agus orthu sin go léir a thacaíonn le hobair ár n-eagraíochta ar aon mhodh.

## Cuntasacht


Táimid cuntasach do raon leathan geallsealbhóirí, do Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus dár maoinitheoirí, go háirithe SOLAS, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá ár gcláir uile ceaptha chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus chun luach ar airgead a sholáthar (Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, 2018).

## Díriú ar an bhFoghlaimeoir

Is eagraíocht atá bunaithe ar riachtanais sinn; is ann dúinn chun freastal ar na riachtanais atá ag ár bhfoghlaimeoirí, mar dhaoine aonair agus mar dhaoine laistigh de phobail araon.

## Cáilíocht

Féachaimid le seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar; déanaimid amhlaidh trí chláir a sholáthar atá éifeachtach maidir le freastal ar riachtanais a spriocghrúpaí agus atá éifeachtúil ó thaobh soláthair de.




**Fíor 3:** Croíluachanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, 2018)

# 1.3 Struchtúr Eagraíochta

Mar atá leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is údarás áitiúil reachtúil oideachais agus oiliúna a bhfuil a struchtúr corparáideach féin aige é Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman.

Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna faoi rialú ag bord a chuimsíonn aon chomhalta is fiche. Áirítear leo sin dháréag ionadaithe san iomlán ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ó Chomhairle Contae Loch Garman; beirt chomhaltaí ar thogh an fhoireann iad; beirt ionadaithe do thuismitheoirí/caomhnóirí; agus cúigear comhaltaí a bhfuil saineolas acu ar an oideachas agus an oiliúint, lena n-áirítear ionadaí d'fhoghlaimeoirí agus ionadaí don lucht gnó. Tacaíonn an bord bainistíochta ar gach ceann de na ceithre cinn déag de scoileanna/coláistí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le hobair na heagraíochta freisin. De réir na bhfeidhmeanna forchoimeádta atá leagtha amach in alt 12(i) den Acht, bhunaigh an Bord Oideachais agus Oiliúna roinnt Coistí chun tacú lena chuid oibre. Tá Bord Bainistíochta ann d'Ógtheagmháil freisin.

Is iad sin:

- An Coiste Airgeadais
- An Coiste Iniúchóireachta
- An Coiste Obair Óige
- Ceithre Choiste Limistéir: Cathair agus Contae Phort Láirge, Loch Garman Theas, agus Loch Garman Thuaidh (Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, 2018).

Áirítear trí shruth oibre le feidhmeanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

- Scoileanna
- Struchtúr agus Forbairt Eagraíochta
- Breisoideachas agus Oiliúint.



# 1.4 Scoileanna

Áirítear le soláthar oideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna 12 iar-bhunscoil agus scoil náisiúnta amháin, is iad sin:

- Coláiste Bhaile an Droichid
- Gairmcholáiste Bhun Clóidí
- Coláiste Abbáin, Maigh Arnaí
- Coláiste an Átha, Cill Mhucraise
- Coláiste Dhún Garbhán
- Coláiste Creagh, Guaire
- Coláiste Pobail Inis Córthaidh
- Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin
- Meánscoil San Nioclás, Rinn Ó gCuánach
- Coláiste Sheilsceire, Baile Loch Garman
- Coláiste Pobail Naomh Déaglán
- Coláiste Pobail Naomh Pól
- Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman an fhoghlaim agus an foghlaimeoir i gcroílár a sholáthair oideachais, agus tugtar ar an suíomh Gréasáin léargas do chuairteoirí ar aon raon leathan clár agus seirbhísí atá ar fáil.

Is scoileanna cuimsitheacha iad na scoileanna i mBord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman agus cumasaíonn siad do dhaoine óga barr a gcumais a bhaint amach ina saol acadúil agus ina saol pearsanta araon. Déanann na scoileanna dianiarracht mic léinn, baill foirne agus tuismitheoirí a chumhachtú chun dul chun cinn oideachasúil a bhaint amach i dtimpeallacht dhearfach spreagúil.

**Áirítear iad seo a leanas leis na cláir a thairgtear i scoileanna* sa Bhord Oideachais agus Oiliúna:**

- An tSraith Shóisearach
- Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
- An Clár Idirbhliana
- An Ardteistiméireacht Bhunaithe
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta

**Tairgeann gach scoil rogha uathúil de na cúrsaí atá leagtha amach thuas.*

Mórúdar bróid don Bhord Oideachais agus Oiliúna is ea go gcuimsíonn a ghrúpa iar-bhunscoileanna an t-aon scoil Ghaeltachta amháin in Oirdheisceart na hÉireann. Tá Meánscoil San Nioclás i Rinn Ó gCuanach

ina cuid de ghrúpa scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ó dheireadh na 1990í i leith. Mar scoil Ghaeltachta, díríonn sí ar theagasc trí mheán na Gaeilge a sholáthar do mhic léinn iar-bhunscoile sa limistéar suas go dtí an Ardteistiméireacht, agus an Ardteistiméireacht san áireamh.

Tairgtear raon leathan ábhar sna scoileanna, lena n-áirítear teangacha, daonnachtaí, ealaíona cruthaitheacha, teicneolaíochtaí agus eolaíocht. Tairgtear curaclam ilchineálach sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach araon agus tugtar spreagadh do mhic léinn páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhchuraclaim amhail spórt, ceol, drámaíocht, díospóireacht, saoránacht ghníomhach, agus feachtais feasachta comhshaoil, gan ach cúpla ceann a lua. Cuimsíonn scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Príomhoide, Leas-Phríomhoide/Leas-Phríomhoidí, Príomhoidí Cúnta, Múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta, agus Baill Foirne Choimhdeacha agus Riaracháin. Tá gach duine díobh ina gcuid ríthábhachtach den chóras agus tá ról lárnach acu maidir le timpeallacht dhearfach foghlama a chruthú do chách. Oibríonn scoileanna i gcomhar le príomh-gheallsealbhóirí chun comhpháirtíochtaí sláintiúla a chinntiú san oideachas freisin.

# 1.5 Struchtúr agus Forbairt Eagraíochta

Tá an fheidhm um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta ar cheann amháin de na trí stiúrthóireacht laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus tá sí freagrach as na córais agus na struchtúir a chur i bhfeidhm a theastaíonn chun tacú le seirbhísí agus cláir oideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a sholáthar.

Soláthraítear na seirbhísí agus na cláir seo a leanas tríd an bhfeidhm um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta:

- Acmhainní Daonna
- Airgeadas
- Seirbhísí Corparáideacha
- Giniúint Ceoil

# 1.6 Breisoideachas agus Oiliúint

Tairgeann an Bord Oideachais agus Oiliúna Breisoideachas agus Oiliúint ar fud 33 ionad breisoideachais agus oiliúna, i dteannta láithreacha for-rochtana pobail. Sa bhliain 2021/22, thacaigh rannán breisoideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le breis agus 20,000 fhoghlaimeoir ar fud 3,086 chúrsa.

Fostaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman thart ar 875 bhall foirne san iomlán sa rannán breisoideachais agus oiliúna. Déanann an Stiúrthóir um Breisoideachas agus Oiliúint comhordú ar fhoireann bhainistíochta agus tacaíochta breisoideachais agus oiliúna, rud a chuimsíonn thart ar sheasca ball foirne agus a chumhdaíonn na feidhmeanna seo a leanas:

- Bainistíocht dearbhú cáilíochta agus feidhmeanna tacaíochta
- Seirbhísí do Ghnó
- Ionaid oiliúna agus soláthar oiliúna
- Cláir de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)
- Oideachas agus Oiliúint Pobail
- Ógtheagmháil, CTC agus Gnóthaí Óige
- Litearthacht Aosach, Teanga, Rochtain agus Cuimsiú
- An tSeirbhís Treorach um Oideachas Aosach (SOLAS, 2018)

Ó foilsíodh an Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí (SOLAS, 2018), aistríodh Cláir Iar-Ardteistiméireachta ó scoileanna agus tagann siad faoi struchtúr bainistíochta an rannáin breisoideachais agus oiliúna anois.

# 1.7 An Coiste um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Bhunaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman grúpa stiúrtha chun tacú le dualgas na hearnála poiblí a chur chun feidhme thar ceann na heagraíochta i mí na Bealtaine 2021. Cuimsíonn an grúpa stiúrtha ionadaí amháin ó na trí shruth oibre – Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint, agus Struchtúr agus Forbairt Eagraíochta – agus tá sé faoi chathaoirleacht ag Michael O'Brien, Bainisteoir Nuálaíochta agus Forbartha.

Mar chuid den phlean cur chun feidhme, rinne an coiste athbhreithniú ar dhul chun cinn, doiciméid agus tuarascálacha an ghrúpa oibre roimhe um Chomhionannas agus Cearta an Duine de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus fuair sé treoir ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Cinneadh go n-úsáidfí an cur chuige trí chéim atá sa doiciméad dar teideal Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm (Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019) mar bhonn don phlean cur chun feidhme.



# 2. Réamhrá maidir le Dualgas Earnála Poiblí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tá freagracht dhlíthiúil ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta an duine atá ag a gcuid fostaithe, custaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse agus ag gach duine a ndéanann a gcuid seirbhísí, beartas agus pleananna difear dóibh a chosaint.

> *Is é atá i gCoimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) ná eagraíocht náisiúnta na hÉireann um chearta an duine a bhfuil sé mar chuspóir aici "cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint in Éirinn agus cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a chothú sa Stát".*
>
> *(IHREC, 2022)*

Ba as alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a tháinig Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an 'Dualgas'). Leis an Dualgas, leagtar oibleagáid reachtúil ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman cearta an duine agus comhionannas a phríomhshruthú ar fud na heagraíochta ar fad. Ceanglaítear leis go gcuirfí cearta an duine agus comhionannas san áireamh i ngach príomhfheidhm de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear i ndáil le 'beartais, pleananna, próisis chinnteoireachta, soláthar, tacaíocht foirne agus soláthar seirbhíse a fhorbairt agus feabhas a chur ar na torthaí dár n-úsáideoirí seirbhíse' (IHREC, 2019).

Tacaíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas le cur chun feidhme an 'Dualgais' agus déanann sé faireachán ar an gcur chun feidhme sin. Tá sainordú ag an gCoimisiún treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i ndáil le cearta an duine agus comhionannas, mar aon le spreagadh a thabhairt dóibh déanamh amhlaidh.

Ba cheart do gach ball foirne Earnála Poiblí bheith ar an eolas faoin dualgas atá orthu, is é sin Comhionannas agus Cearta an Duine a chur chun cinn go réamhghníomhach agus a chinntiú nach ndéanann siad aon idirdhealú le linn dóibh a bhfeidhm a chomhlíonadh laistigh den earnáil phoiblí. Chruthaigh an Coimisiún oiliúint do bhaill foirne earnála poiblí chun cur ar a gcumas an dualgas atá orthu a thuiscint agus seasamh leis le linn dóibh a róil a chur i gcrích san earnáil phoiblí.

# 2.1 Na hAchtanna um Stádas Comhionann

Leis na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018 ('na hAchtanna'), toirmisctear idirdhealú i soláthar earraí agus seirbhísí, i gcóiríocht agus san oideachas. Cumhdaítear iontu naoi bhforas shonracha. Cumhdaítear 'míbhuntáiste eacnamaíoch' mar dheichiú coinníoll iontu in imthosca áirithe.

1. *Inscne*
2. *Stádas pósta*
3. *Stádas teaghlaigh*
4. *Aois*
5. *Míchumas*
6. *Gnéaschlaonadh*
7. *Cine*
8. *Creideamh*
9. *Duine a bheith ina d(h)uine den Lucht Siúil*

*(IHREC, 2022)*

Toirmisctear leis na hAchtanna cineálacha éagsúla idirdhealaithe, idirdhealú neamhdhíreach, idirdhealú trí bhainteacht, ciapadh agus ciapadh gnéasach, agus íospairt.

## Idirdhealú díreach

Is é atá i gceist leis seo caitheamh le duine ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a gcaitear le duine eile atá i staid inchomparáide toisc go bhfuil siad difriúil le chéile faoi aon cheann de na naoi bhforas.

## Idirdhealú trí bhainteacht

Tarlaíonn sé seo nuair a chaitear le duine a bhfuil baint aige/aici le duine eile ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna toisc go bhfuil an duine eile sin difriúil faoi aon cheann de na naoi bhforas shonraithe.

## Ciapadh agus ciapadh gnéasach

Is é atá i gceist leis seo aon chineál iompair gan iarraidh a bhaineann le haon cheann de na naoi bhforas shonraithe. Is é is ciapadh gnéasach ann aon chineál iompair bhriathartha, neamhbhriathartha nó fhisiciúil gan iarraidh atá de chineál gnéasach.

### Íospairt

Tarlaíonn sé seo nuair a chaitear le duine ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a gcaitear le duine eile toisc gur lorg an chéad duine díobh sásamh, gur fhreastail sé/sí mar fhinné, gur chuir sé/sí i gcoinne gníomh neamhdhleathach faoi na hAchtanna, nó gur thug sé/sí fógra faoin rún atá aige/aici aon cheann de na gníomhartha sin a dhéanamh agus nach ndearna an duine eile an rud céanna. (Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2020)

Cumhdaítear fógraíocht idirdhealaitheach faoi na hAchtanna freisin. Is é sin le rá go bhfuil toirmeasc sonrach ann ar aon fhógrán a chuirfidh in iúl go mbeartaítear idirdhealú a dhéanamh, ciapadh a dhéanamh nó ciapadh gnéasach a dhéanamh nó a bhféadfaí le réasún a thuiscint uaidh go bhfuil sin beartaithe a fhoilsiú nó a thaispeáint nó a chur faoi deara go bhfoilseofar nó go dtaispeánfar é. Ina theannta sin, éascaítear leis na hAchtanna gníomhartha dearfacha lena gcuirtear comhionannas chun cinn do dhaoine atá faoi thearcionadaíocht agus atá faoi mhíbhuntáiste nó lena bhfreastalaítear ar na riachtanais speisialta atá ag daoine aonair.

## 2.2 Cearta an Duine

Cosnaítear cearta an duine faoin dlí Idirnáisiúnta, faoin dlí Eorpach agus faoi dhlí na hÉireann. Bunchloch an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine is ea Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, rud ar ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe é sa bhliain 1948. Is é an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, ar a dtugtar an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine de ghnáth, an bunús don chóras Eorpach um chearta an duine. Dhréachtaigh Comhairle na hEorpa an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine sa bhliain 1950 agus tá sé i bhfeidhm ón mbliain 1953. Shínigh gach ceann de na 47 mballstát de Chomhairle na hEorpa an Coinbhinsiún (IHREC, 2015).

Tá Éire tiomanta do chearta an duine a bheith aici i gcroílár an bheartais náisiúnta agus an bheartais eachtraigh araon. Foilsíodh Bunreacht na hÉireann, 1937, roimh Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus roimh an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine araon agus cuirtear béim láidir ann ar chearta bunúsacha, arb ionann iad, tríd is tríd, agus prionsabail um chearta an duine. (An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Rialtas na hÉireann, 2022)

## Cearta an Duine:

1. Is bunchaighdeáin iad a bhfuil glacadh uilíoch leo agus a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú go gcaitear le gach duine le dínit agus le meas.
2. Tá siad idirspleách agus doroinnte. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na cearta nasctha le chéile agus gur féidir go n-imreoidh aon teip chun ceart amháin a chosaint tionchar ar cheart eile. Mar shampla, is féidir go ndéanfaidh aon teip chun an ceart chun cúram sláinte a fháil difear don cheart chun na beatha.
3. Tá siad dúchasach. Ciallaíonn sé sin gur le gach duine iad, gan aon idirdhealú. Tá prionsabal an neamh-idirdhealaithe i gcroílár chearta an duine agus tá sé le feiceáil sna conarthaí uile um chearta an duine; agus
4. Tá siad leagtha amach sa dlí, trí chonarthaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha, nó i reachtaíocht náisiúnta i bhformhór na gcásanna, áit a bhfuil siad mar chuid de ráiteas dlíthiúil ar phrionsabail a bhfuil glacadh uilíoch leo maidir leis an dóigh ar cheart don stát caitheamh lena shaoránaigh agus le daoine eile a chónaíonn laistigh dá dhlínse.

### Áirítear iad seo a leanas le Cearta an Duine:

Cearta Sibhialta agus Polaitiúla, amhail an ceart chun na beatha, an ceart chun triail chothrom a fháil agus an ceart gan a bheith faoi réir céastóireachta; agus Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, amhail an ceart chun obair, an ceart chun dul isteach i gceardchumann, an ceart chun cúram sláinte a fháil, an ceart chun oideachas a fháil agus an ceart chun caighdeán leordhóthanach maireachtála a fháil.

> *...ní thugann an stát cearta do dhaoine; is le gach duine na cearta sin.*
>
> *(IHREC, 2022)*

Rinneadh an tAthbhreithniú seo chun na hoibleagáidí atá orainn faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a chomhlíonadh.

## 2.3 Reachtaíocht Eile

Tá a lán cineálacha eile reachtaíochta ann lena gcuirtear bonn eolais faoin tuarascáil seo agus faoinár gcleachtas agus lena ndéantar Comhionannas agus Cearta an Duine a chur chun cinn agus a chosaint in Éirinn, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- An tAcht Oideachais, 1998
- An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004
- An tAcht um Míchumas 2005
- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2015
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018
- An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014
- An Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin (2019)
- An tAcht um Obair don Aos Óg, 2001

# 3. Dualgas Earnála Poiblí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Sa 'Dualgas' in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, luaitear go ndéanfaidh Comhlacht Poiblí, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá ann—

- An t-idirdhealú a dhíchur,
- Comhionannas Deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus
- Cearta an Duine atá ag a chomhaltaí, a fhoireann agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Bunaítear le halt 42(b) trí chéim thábhachtacha ar cheart do chomhlachtaí poiblí iad a leanúint le linn an Dualgas a chur chun feidhme: **Measúnú, Aghaidh a Thabhairt ar, agus Tuairisciú**.

Is é cuspóir an dualgais aird a tharraingt ar an ngá atá ann le réamhghníomhaíocht agus bearta dearfacha a dhéanamh agus aghaidh á tabhairt ar cheisteanna Comhionannais agus Chearta an Duine laistigh de chomhlacht earnála poiblí. Ceanglaítear leis ar chomhlacht poiblí measúnú a ullmhú agus a fhoilsiú ar na ceisteanna maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine is iomchuí maidir lena fheidhmeanna do ghrúpaí sainaitheanta, agus díriú á choimeád ar dhaoine a thagann faoi na naoi bhforas agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann orthu sin atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta.

*Tá an Cur Chuige Trí Chéim tógtha ón bhfoilseachán 'Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm',*

*(IHREC, 2019)*

## Céim 1 Measúnú

Ceisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha do chuspóir agus feidhmeanna Eagraíochta a shainaithint.

## Cuspóir

Is é cuspóir chéim 1 tabhairt faoi mheasúnú chun príomhcheisteanna comhionannais agus chearta an duine a shainaithint do dhaoine a gcuireann eagraíocht seirbhísí agus a foireann ar fáil dóibh.

## Tionchar

Nuair a thugtar faoi mheasúnú bunaithe ar fhianaise ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha dá cuspóir agus feidhmeanna, cabhraítear le heagraíocht bunús a shainaithint ónar féidir machnamh a dhéanamh ar an gcaoi le hidirdhealú a dhíchur agus cearta an duine a chosaint.

Tugtar bunús freisin ónar féidir machnamh a dhéanamh ar an gcaoi le comhionannas deiseanna a sholáthar do ghrúpaí ilghnéitheacha i soláthar seirbhísí agus san ionad oibre.

Ag tarraingt ar an bhfianaise atá ar fáil, lena n-áirítear eolas agus taithí fhoireann na heagraíochta agus na ndaoine a gcuireann sí seirbhísí ar fáil dóibh, cuireann an measúnú bonn eolais faoin timthriall straitéiseach pleanála, cur i bhfeidhm agus meastóireachta.

## Gníomhú

**Céimeanna chun tabhairt faoi Mheasúnú ar Chearta an Duine agus Comhionannas.**
Tá siad sin leagtha amach i bhfíor 1. Baineann an measúnú leis na struchtúir agus na tionscnaimh atá i bhfeidhm chun tacú le Cearta an Duine agus Comhionannas a shainaithint. Baineann sé freisin le ceisteanna a shainaithint agus na réimsí ina dteastaíonn gníomhartha agus bearta réamhghníomhacha a chur in ord tosaíochta. Baineann sé leis na gníomhartha agus na bearta réamhghníomhacha sin atá i bhfeidhm nó atá beartaithe a thuairisciú i ndoiciméid phleanála straitéisí atá inrochtana ag an bpobal.

Baineann sé ar deireadh le hathbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar na gníomhartha sin agus ar ghníomhartha breise agus ar bhearta réamhghníomhacha do gach timthriall pleanála.




**Fíor 4:** Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2019), lch 15

# 4. Measúnú ar Cheisteanna Chearta an Duine

- Suirbhé ar gheallsealbhóirí (baill foirne)
- Taighde Deascbhunaithe
- Tuarascáil ar an suirbhé ar bhaill foirne
- Comhairliúchán le Baill Foirne ar an dréacht-tuarascáil, agus sásra aiseolais i bhfeidhm chun bonn eolais a chur faoin tuarascáil.
- Comhairliúchán le Geallsealbhóirí ar an Taighde Deascbhunaithe, agus sásra aiseolais i bhfeidhm chun bonn eolais a chur faoin dréacht deiridh den tuarascáil Measúnaithe.
- An Tuarascáil Measúnaithe Deiridh a chur faoi bhráid na Foirne Ardbhainistíochta chun bonn eolais a chur faoin bPleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Measúnú, Aghaidh a Thabhairt ar agus Tuairisciú.
- Athbhreithniú agus cinneadh le déanamh ag an bhFoireann Ardbhainistíochta ar na Gníomhartha atá le déanamh nó atá á ndéanamh cheana féin i ndáil le Comhionannas agus Cearta an Duine le haghaidh tuairisciú poiblí.
- An Tuarascáil Measúnaithe, an Plean Cur Chun Feidhme agus an Plean Gníomhaíochta a chur faoi bhráid na Foirne Ardbhainistíochta i ndréachtfhoirm.
- An Tuarascáil Measúnaithe, an Plean Cur Chun Feidhme agus an Plean Gníomhaíochta a fhoilsiú ar mhodh atá inrochtana ag an bpobal.
- Dualgas na hEarnála Poiblí a úsáid chun bonn eolais a chur faoin straitéis agus tuairisciú air ag aman-na tábhachtacha den timthriall tuairiscithe.



# 5. An Bonn Fianaise don Mheasúnú seo

Is measúnú fianaisebhunaithe é an Measúnú ón mBord Oideachais agus Oiliúna ar Chomhionannas agus Cearta an Duine, agus baintear leas as na sonraí seo a leanas ann:

- Straitéisí Náisiúnta
- Sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh
- Taighde ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Taighde ó Ghníomhaireachtaí Náisiúnta Tathanta
- Taighde ó SOLAS
- Taighde ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann
- Taighde Áitiúil

Is iad na naoi bhforas a chumhdaítear leis an reachtaíocht Comhionannais ná **inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine, agus duine a bheith ina d(h)uine den Lucht Siúil**. Réimse eile a bhfuil impleachtaí aige do Chomhionannas is ea míbhuntáiste eacnamaíoch. Is é aidhm an mheasúnaithe breac-chuntas a thabhairt ar staid agus eispéireas na ngrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste agus na ngrúpaí mionlaigh agus ar na bacainní atá rompu sa tsochaí **chun breithniú a dhéanamh ar na pleananna atá i bhfeidhm nó ar gá iad a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin**.

**Tá na cearta bunúsacha atá ag gach duine faoin reachtaíocht um Chearta an Duine** bunaithe ar chomhluachanna amhail **dínit, cothroime, comhionannas, meas, agus neamhspleáchas**. Mínítear agus cosnaítear na luachanna sin sa dlí.




**Fíor 5:** Prionsabail Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (2021)

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, forchuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, ar an ngá atá ann an t-idirdhealú a dhíchur; comhionannas deiseanna agus córa dá bhfoireann agus do na daoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chur chun cinn; agus cearta an duine atá ag a bhfoireann agus ag na daoine sin a úsáideann a seirbhísí a chosaint (IHREC, 2019).

# 6. Staid, Eispéireas agus Féiniúlacht

Is é atá i gceist leis an measúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a cheanglaítear faoi dhualgas na hearnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine ná ceisteanna comhionannais agus chearta an duine a shainaithint do na grúpaí sainaitheanta don dualgas, go háirithe iad sin a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta. Is ionann iad sin agus ceisteanna Comhionannais agus Chearta an Duine a bhfuil gníomh á dhéanamh ag an gcomhlacht poiblí ina leith cheana féin, nó a bhfuil sé beartaithe aige gníomh a dhéanamh ina leith, nó a ndearna sé gníomh ina leith san am atá thart. Ní measúnú é ar an gcomhlacht poiblí ná ar a fheidhmíocht. Níl ann ach an bhunchloch don chur chuige beartaithe agus córasach i leith Comhionannais agus Chearta an Duine a cheanglaítear leis an Dualgas. Is é atá i gceist leis an 'measúnú ar cheisteanna Comhionannais agus Chearta an Duine' ná staid, eispéireas agus féiniúlacht na ngrúpaí atá imeallaithe nó na ngrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste a scrúdú don Dualgas chun a shainaithint cé na príomhcheisteanna maidir le comhionannas agus Cearta an Duine a bhaineann leo agus atá iomchuí maidir leis an bhfeidhm atá againn (SOLAS, 2022).

Tagraíonn **staid** an ghrúpa do mhíbhuntáiste i leibhéal agus cáilíocht na n-acmhainní ar féidir leis an ngrúpa rochtain a fháil orthu, amhail seirbhísí oideachais agus oiliúna, mar aon le deiseanna fostaíochta.

Tagraíonn **eispéireas** an ghrúpa do cháilíocht rannpháirtíocht an ghrúpa leis an tsochaí i gcoitinne, lena n-áirítear a rannpháirtíocht le seirbhísí poiblí, mar fhostaithe agus mar rannpháirtithe seirbhíse araon.

Tagraíonn **féiniúlacht** an ghrúpa don mhodh ar a gcuireann an grúpa a fhéiniúlacht in iúl agus do na riachtanais shonracha a eascraíonn as féiniúlachtaí éagsúla, amhail riachtanais a eascraíonn as eitneacht, leibhéal cumais agus léiriú féiniúlachta inscne an duine (Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, 2020).



# 7. Inscne – Mná

I Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020, cruthaítear fís 'd'Éirinn ina bhfaigheann gach bean comhionannas le fir agus inar féidir leo barr a gcumais a bhaint amach, agus saol sábháilte iomlán á chaitheamh acu'. Tháinig an Straitéis Náisiúnta as ceann amháin de na gealltanais a thug rialtais ar an leibhéal idirnáisiúnta ag Ceathrú Comhdháil Dhomhanda na Náisiún Aontaithe ar Mhná (1995), áit ar glacadh Dearbhú agus Clár Oibre le haghaidh Gníomhaíochta i leith na réimsí tábhachtacha seo a leanas:

- An t-ualach dianseasmhach méadaitheach atá ag an mbochtaineacht ar mhná.
- Neamhionannais agus easnaimh san oideachas agus oiliúint agus i seirbhísí sláinte agus seirbhísí gaolmhara, mar aon le rochtain éagothrom orthu
- Foréigean in aghaidh na mban
- An tionchar a imríonn coinbhleacht armtha agus cineálacha eile coinbhleachta ar mhná, lena n-áirítear iad sin atá faoi fhorghabháil eachtrach
- Neamhionannas maidir le struchtúir agus beartais gheilleagracha, maidir le gach cineál gníomhaíochta táirgiúla agus maidir le rochtain ar acmhainní
- Neamhionannas idir fir agus mná maidir le comhroinnt cumhachta agus cinnteoireachta ar gach leibhéal
- Sásraí neamhdhóthanacha ar gach leibhéal chun cur chun cinn na mban a chothú
- Easpa measa ar Chearta an Duine atá ag mná agus cur chun cinn neamh-leordhóthanach ar na cearta sin agus cosaint neamh-leordhóthanach dóibh
- Steiréitíopáil na mban
- Neamhionannas maidir le rochtain agus rannpháirtíocht na mban i ngach córas cumarsáide, go háirithe na meáin
- Neamhionannais inscne maidir le hacmhainní nádúrtha a bhainistiú agus maidir leis an gcomhshaol a choimirciú
- Idirdhealú dianseasmhach in aghaidh leanaí baineanna agus sárú orthu.

*(BDPfA, 2015, agus An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, 2021)*

Sa doiciméad dar teideal I mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, leagtar amach plean don domhan agus dá mhuintir, rud ina bhfuil 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe agus 169 n-aidhm. Baineann Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 le comhionannas inscne a bhaint amach agus le gach bean agus cailín a chumhachtú. Tá spriocanna lena gcuirtear bonn eolais faoi Phlean Náisiúnta na hÉireann leagtha amach faoin sprioc sin d'fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh:

> *'deireadh a chur le hidirdhealú, foréigean agus cleachtais dhochracha in aghaidh na mban a dhíchur, cúram agus obair tí neamhíoctha a aithint, rannpháirtíocht iomlán éifeachtach na mban a chinntiú i gceannaireacht agus i gcinnteoireacht, rochtain uilíoch ar shláinte ghnéasach agus atáirgeach agus cearta atáirgeacha, rochtain chomhionann ar acmhainní eacnamaíocha, agus feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht cumasúcháin'*
>
> *(An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, 2017, lch. 10.)*




**Fíor 6:** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe – 17 Sprioc chun ár nDomhan a athrú

Léirítear sa Straitéis Náisiúnta go ndearnadh dul chun cinn ar roinnt ceisteanna, amhail Oideachas, Deiseanna fostaíochta, Cuótaí Inscne do Pháirtithe Polaitíochta náisiúnta agus do Mhná sa Státseirbhís agus, rud ba thábhachtaí fós, gnóthachtáil oideachasúil. Is gá aghaidh a thabhairt ar roinnt ceisteanna dianseasmhacha go fóill, áfach.

## 7.1 An Bhearna Phá idir na hInscní

Tá an bhearna phá idir na hinscní á himscrúdú in Éirinn faoi láthair, agus taighde luachmhar ar siúl chun a shainaithint cé acu atá nó nach bhfuil an bhearna phá idir na hinscní fós leitheadúil san fhostaíocht in Éirinn i bhfianaise thabhairt isteach an Achta um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, agus Rialacháin an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (alt 20a) (faisnéis faoin mbearna phá idir na hinscní), 2022, lena gceanglaítear ar eagraíochtaí 'a mbearna phá in aghaidh na huaire idir na hinscní a thuairisciú ar fud raon méadrachtaí' (An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, 2022).

Luaitear sa tuarascáil ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) gur gá 'aghaidh a thabhairt ar an gceangal soiléir idir freagrachtaí cúraim agus neamhionannas inscne sa mhargadh saothair. Gan comhionannas méadaithe a bheith ann ó thaobh oibre neamhíoctha de, ní dóigh go mbainfear comhionannas méadaithe inscne amach sa mhargadh saothair' (ESRI, 2019).

Sa bhliain 2022, luaigh an tAire O'Gorman an méid seo a leanas sa réamhrá uaidh maidir le reachtaíocht nua – an tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, a síníodh ina dhlí an 13 Iúil 2021: "I gcomparáid leis na fir is iomaí bac atá le sárú ag na mná agus iad ag iarraidh a bheith mar chuid den mhargadh fostaíochta. Tá steiréitíopaí inscní ag leanúint ar aghaidh ar feadh na mblianta, an tsíleáil ghloine atá fós ann mar bhac ar ardú céime, toisc go bhfuil tromlach na gcúraimí baile fós ar na mná ina measc obair neamhíoctha sa bhaile, rud a fhágann go bhfuil bearna shuntasach fós ann ó thaobh ráta pá idir na fir agus na mná in Éirinn' (O'Gorman, 2022).

## 7.2 Mná atá i mBochtaineacht Sheasta

In Éirinn, is airde leibhéil bhochtaineachta seasta i measc na mban ná i measc na bhfear. Bhí an ráta bochtaineachta seasta do mhná cothrom le 9.1% sa bhliain 2015, i gcomparáid le 8.3% d'fhir. Tá an ráta riosca bochtaineachta do mhná os cionn 65 bliana d'aois cothrom le 2.6%, beagáinín níos ísle ná an figiúr d'fhir os cionn 65 bliana d'aois, atá cothrom le 2.9% (An Roinn Dlí agus Cirt, 2017).

Gach bliain, foilsíonn an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) Innéacs Comhionannais Inscne chun an dul chun cinn ar chomhionannas inscne i ngach Ballstát den Aontas Eorpach a shuí. Luaitear an méid seo a leanas ann: 'Is é €2,808 an tuilleamh míosúil meánach do mhná in Éirinn, i gcomparáid le €3,423 d'fhir agus tá an ráta fostaíochta coibhéise lánaimseartha do mhná cothrom le 43.9%, i gcomparáid le 60% d'fhir. Léirítear ann freisin go maireann saol oibre na mban 33.1 bliain ar an meán, i gcomparáid le 40.1 bliain d'fhir (EIGE, 2021). Is féidir leis sin impleachtaí diúltacha a bheith aige do shlándáil

airgeadais na mban amach anseo, toisc gur féidir go mbeidh ranníocaíocht laghdaithe ÁSPC acu agus go mbeidh teidlíocht laghdaithe acu chun sochar a fháil ón stát agus iad ina seandaoine.

Is airde sciar na mban ná sciar na bhfear a oibríonn ar bhonn páirtaimseartha go fóill, agus is mná atá i mbeagnach 70% de na hoibrithe páirtaimseartha go léir. Tá seans níos fearr ann freisin go n-oibreoidh mná in obair atá neamhbhuan, atá éiginnte agus dothuartha, agus atá contúirteach ó thaobh an oibrí de (Comhairle Náisiúnta na mBan, 2020).

## 7.3 Foréigean in aghaidh na mBan

De réir Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní (2017), leanann mná ar fud aicmí sóisialta agus staideanna sóisialta difriúla le foréigean baile agus inscnebhunaithe a fhulaingt. De réir staidéar a d'fhoilsigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) sa bhliain 2014, dúirt 8% de na mná in Éirinn a ndearnadh suirbhé orthu gur fhulaing siad foréigean gnéasach ó pháirtnéir nó ó dhuine eile am éigin ó bhí siad 15 bliana d'aois agus dúirt 24% díobh gur fhulaing siad foréigean fisiciúil ó pháirtnéir nó ó dhuine eile am éigin ó bhí siad 15 bliana d'aois.

Luaigh Cúnamh do Mhná, Éire, de réir Trinity News, go bhfuarthas 43,500 glao chun freagairt do theagmhais foréigin baile sa bhliain 2020 agus gur tuairiscíodh 24,686 theagmhas foréigin baile don Gharda Síochána sa bhliain 2022. Tá an méid seo a leanas luaite ar shuíomh Gréasáin na heagraíochta freisin:

> *'Bean amháin as gach ceathrar in Éirinn a bhí i gcaidreamh roimhe seo, d'fhulaing siad mí-úsáid ó pháirtnéir reatha nó iarpháirtnéir'*
>
> *(Cúnamh do Mhná, 2022)*

Léirítear an méid seo a leanas sa Bhileog Eolais maidir le Feimeamharú a d'fhoilsigh Cúnamh do Mhná sa bhliain 2020: Dúnmharaíodh 43 bhean idir 18 mbliana d'aois agus 25 bliana d'aois in Éirinn ón mbliain 1996 agus ba é buachaill nó iarpháirtnéir na mná a dhúnmharaigh í i 52% de na cásanna a réitíodh. Ceisteanna dianseasmhacha eile do mhná is ea tosca riosca níos airde maidir le foréigean dlúthpháirtnéara agus maidir le foréigean gnéasach (Cúnamh do Mhná, 2022).

# 8. Inscne – Fir

Tá ganntanas taighde ann ar Cheisteanna Inscne a bhaineann le neamhionannas d'fhir in Éirinn agus ar cheisteanna a dhéanann difear d'fhir. Tá sé sin fadhbach. Maidir le cuid mhór de na cineálacha idirdhealaithe a dhéantar ar fhir, is ar fhorais eile reachtaíochta Comhionannais a dhéantar iad mar thoradh ar chineál trasnach na féiniúlachta.

I measc roinnt de na príomhcheisteanna inscneacha a bhaineann le fir, de réir grúpaí tathanta agus de réir taighde, tá rochtain agus faisnéis ar Thacaí Meabhairshláinte agus Foréigean Baile in aghaidh na bhfear. Maidir leis na ceisteanna comhionannais inscne ar tarraingíodh aird orthu faoi chearta teaghlaigh agus faoi chearta na mban, tá siad tábhachtach d'fhir freisin toisc gur féidir le tacaí dlíthiúla agus fioscacha amhail saoire atharthachta agus comhionannas pá treisiú le teaghlaigh agus, go deimhin, tacú le ról an fhir laistigh den bhaile mar chomhthuismitheoir.

## 8.1 Foréigean in aghaidh na bhFear

Déanann foréigean baile difear d'fhir agus do mhná agus do leanaí de gach inscne. Fulaingíonn fir (fir thrasinscneacha san áireamh) gach cineál mí-úsáide agus bíonn drogall orthu mí-úsáid a thuairisciú freisin. Áirítear leis na cineálacha mí-úsáide sin Rialú comhéigneach, Foréigean dlúthpháirtnéara, agus Mí-úsáid Fhisiciúil, Mhothúchánach agus Ghnéasach. Tá neamhionannais ann laistigh den chóras. Mar shampla, más gá d'fhear a leanaí a thógáil chuig ionad dídine d'íospartaigh foréigin baile, ní bhfaighidh sé ceann ar bith in Éirinn. Is iad fir go príomha a bhíonn thíos le coimhthíos tuismitheora óna leanaí freisin.

## 8.2 Fir agus Meabhairshláinte

Cé go léirítear sa staidreamh gur coitianta droch-mheabhairshláinte i measc na mban ná i measc na bhfear (An Roinn Sláinte, 2015), is airde i bhfad an leibhéal féinmharaithe i measc na bhfear ná i measc na mban. Tá féinmharú níos leitheadúla i measc cohóirt áirithe d'fhir ná i measc cinn eile freisin. I gcomparáid le mná, is cosúil go bhfuil seans níos lú ann go lorgóidh fir tacaíocht chun déileáil le strus nó deacrachtaí meabhrach agus go bhfuil seans níos mó ann go rachaidh siad i muinín mí-úsáid substaintí nó féinmharaithe.

Ba i measc na bhfear in Éirinn a bhí ceann amháin de na rátaí féinmharaithe is gasta méadú ar domhan ón mbliain 1980 go dtí an bhliain 2002. Bhí an méadú is mó le feiceáil i measc daoine óga (25 bliana d'aois nó níos lú), ag a raibh an dara ráta féinmharaithe is airde i measc an 30 Ballstát den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (An Beartas Náisiúnta um Shláinte na bhFear 2008 - 2013). Luadh an méid seo a leanas in athbhreithniú a rinneadh ar an tuarascáil sin: 'Thar na deich mbliana seo a chuaigh thart, bhí an ráta báis de dheasca féinmharaithe thart ar 4-5 huaire níos airde i measc fir óga ná i measc na mban (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2008).



# 9. Inscne – Daoine Trasinscneacha (Mná agus Fir)

De réir The Journal, leagadh amach sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2017 a ullmhaíodh de réir alt 6 den Acht um Inscne a Aithint, 2015, gur eisíodh deimhniú aitheantais inscne chuig 99 nduine sa bhliain 2017 agus gur eisíodh deimhniú chuig 109 nduine sa bhliain 2016. Díobh sin, deonaíodh dhá iarratas ó dhaoine a bhí 16 bliana d'aois/17 mbliana d'aois sa bhliain 2017 agus deonaíodh sé cinn sa bhliain 2016. Eisíodh 297 ndeimhniú aitheantais inscne san iomlán ó tugadh an reachtaíocht isteach (The Journal, 2019).

Nochtadh i suirbhé a choimisiúnaigh Líonra Comhionannais Trasinscne Éireann (TENI) gur smaoinigh 78 faoin gcéad de na freagraithe féinmharú tráth, agus 63 faoin gcéad de na freagraithe ag rá gur smaoinigh siad faoi lámh a chur ina mbás féin sa bhliain seo a chuaigh thart (The Journal, 2019).

De réir na Tuarascála Achoimre dar teideal The post-primary school experiences of Transgender and Gender Diverse Youth in Ireland, rud a d'ullmhaigh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn thar ceann TENI agus Ollscoil Luimnigh, tharla sé, gan eisceacht, gur bhraith daoine óga atá trasinscneach agus atá athraitheach i dtaobh inscne go raibh athraitheacht inscne imeallaithe laistigh dá n-iar-bhunscoil. Luadh sa taighde go raibh imeallú nasctha leis na nithe seo a leanas: (a) an easpa díospóireachta maidir le féiniúlacht inscne; (b) gan aon ionadaíocht a bheith á déanamh do dhaoine atá trasinscneach agus atá athraitheach i dtaobh inscne; agus (c) an easpa spásanna atá tacúil do dhaoine LADTI+.

Fuarthas amach gur tharla sé, mar thoradh ar athraitheacht inscne a imeallú, nár tugadh do mhic léinn atá trasinscneach agus atá athraitheach i dtaobh inscne an fhaisnéis a theastaigh uathu chun a bhféiniúlacht inscne a thuiscint agus nár tugadh dóibh ach oiread an téarmaíocht a theastaigh uathu chun a bhféiniúlacht inscne a phlé le daoine eile. D'fhág sé sin go raibh náire ar a lán daoine óga den sórt sin faoina bhféiniúlacht inscne agus go raibh imní orthu faoina bhféiniúlacht inscne a phlé le daoine eile. Mar thoradh air sin, cheil roinnt daoine óga atá trasinscneach agus atá athraitheach i dtaobh inscne a bhféiniúlacht inscne ar feadh tréimhse fhada, rud a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a imirt ar a bhféinmhuinín, ar a bhfolláine, ar a gceangailteacht shóisialta agus ar a ngnóthachtáil acadúil (Ollscoil Luimnigh agus TENI, 2020).

Rinneadh na moltaí seo a leanas sa doiciméad dar teideal The post-primary school experiences of Transgender and Gender Diverse Youth in Ireland, rud a scríobh an Dr Ruari-Santiago McBride, Comhalta Ollscoil Luimnigh leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn agus Comhalta Marie Curie, i measc daoine eile.

1. Is gá an curaclam scoile a bheith níos cuimsithí i leith féiniúlacht inscne agus léiriú inscne.
2. Is gá do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a soláthar aonfhoirmeach saoráidí inscne-neodracha agus ar a mbeartas aonfhoirmeach ina leith sin.
3. A thábhachtaí atá sé go ndearbhódh baill foirne scoile féiniúlacht daoine atá trasinscneach agus atá athraitheach i dtaobh inscne trína n-ainm roghnaithe agus a bhforainm roghnaithe a úsáid. (TENI agus Ollscoil Luimnigh, 2020)

Luaitear i bhfionnachtana na tuarascála go bhfuil gá ann freisin le réamhghníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an bheartais náisiúnta chun a chinntiú go n-éireoidh scoileanna níos cuimsithí i leith athraitheacht inscne. Luaitear iontu go bhfuil gá ann freisin le Grúpa Oibre Náisiúnta um Fhéiniúlacht Inscne agus Léiriú Inscne a bhunú, rud a bheadh comhdhéanta de na geallsealbhóirí oideachais ábhartha uile (TENI agus Ollscoil Luimnigh, 2020).

## 9.1 Na tosca riosca d'fhoréigean dlúthpháirtnéara agus d'fhoréigean gnéasach araon

Cé go ndéanann foréigean dlúthpháirtnéara difear d'fhir, do mhná agus do dhaoine óga agus gur féidir foréigean gnéasach a dhéanamh in aghaidh leanaí den dá ghnéas, tá tosca riosca níos airde ann do dhaoine aonair áirithe laistigh den tsochaí.

- leibhéil ísle oideachais (foréigean gnéasach a dhéanamh agus foréigean gnéasach a fhulaingt).
- nochtadh do mhí-úsáid leanaí san am atá thart (foréigean gnéasach a dhéanamh agus foréigean gnéasach a fhulaingt).
- foréigean teaghlaigh a bhreathnú (foréigean gnéasach a dhéanamh agus foréigean gnéasach a fhulaingt).
- neamhord pearsantachta frithshóisialta (foréigean gnéasach a dhéanamh)
- úsáid dhochrach alcóil (foréigean gnéasach a dhéanamh agus foréigean gnéasach a fhulaingt).
- iompraíochtaí dochracha firinscneacha, lena n-áirítear roinnt páirtnéirí a bheith aige nó a bheith i bhfách le foréigean (foréigean gnéasach a dhéanamh).
- gnásanna pobail lena dtugtar tús áite agus stádas níos airde d'fhir seachas mná
- leibhéil ísle rochtana a bheith ag mná ar an bhfostaíocht íoctha; agus leibhéal íseal comhionannais inscne (dlíthe idirdhealaitheacha, etc.) (An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2019).

# 10. Stádas Teaghlaigh

Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas 'stádas teaghlaigh' nuair a chaitear le duine ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a gcaitear le duine eile toisc go bhfuil stádas teaghlaigh ag duine amháin agus nach bhfuil aon stádas teaghlaigh ag an duine eile nó toisc go bhfuil stádas teaghlaigh difriúil aige/aici (IHREC, 2020).

## 10.1 Cúramóirí Teaghlaigh

'Léiríodh sa daonáireamh go raibh 195,263 dhuine (4.1% den daonra) ag tabhairt cúnamh neamhíoctha do dhaoine eile, rud a bhí cothrom le méadú 8,151 duine (4.4%) ar an bhfigiúr don bhliain 2011, tráth a bhí 187,112 dhuine ag tabhairt cúnamh neamhíoctha do dhaoine eile. Mná a bhí i mbeagán os cionn seisear cúramóirí as gach deichniúr (60.5%, nó 118,151 chúramóir), agus fir a bhí i 77,112 dhuine (39.5%) díobh. Bhí 3,800 leanbh faoi bhun 15 bliana d'aois ag tabhairt cúram do dhaoine eile, agus iad freagrach as 1.9 faoin gcéad de na cúramóirí uile' (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016).

Luaitear i Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní gur gealladh i gclár an rialtais tacú le teaghlaigh ina bhfanann tuismitheoir amháin sa bhaile chun cúram a thabhairt do leanaí tríd an gCreidmheas Cúramóirí Baile a mhéadú faoi €100 in aghaidh na bliana, agus tacaíocht bhreise á tabhairt do lánúineacha a ndéantar measúnú comhpháirteach orthu i gcás go bhfanann duine amháin díobh sa bhaile chun cúram a thabhairt dá leanaí nó do dhaoine éagumasacha. Ní leor an beart sin chun tacú le slándáil eacnamaíoch agus ní thugann sé aon tacaíocht do thuismitheoirí aonair ná do chúramóirí. Léirítear sna fionnachtana ó na sonraí ó ESRI go bhfuil éagothroime shuntasach dhianseasmhach ann idir fir agus mná in Éirinn i ndáil le hobair neamhíoctha agus freagrachtaí cúraim agus go n-imríonn an éagothroime sin tionchar diúltach ar dheiseanna fostaíochta agus eacnamaíocha a fheabhsú. Luaitear sna figiúirí is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (2016) gur mná atá i 76% de na cúramóirí atá ag fáil tacaíocht leasa shóisialaigh, Sochar Cúramóra nó an Liúntais do Chúramóirí (53,978 nduine) agus gur fir atá i 16,481 duine díobh (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016).

- Is san fhostaíocht atá formhór na ndaoine (55%) a thugann cúram neamhíoctha ar bhonn laethúil in Éirinn.
- Tá ag Éirinn an tríú líon is airde d'uaireanta oibre neamhíoctha in aghaidh na seachtaine d'fhir agus do mhná araon, rud ar fianaise é ar an tacaíocht réasúnta íseal a thugann an Stát do chúramóirí.
- Ar an meán, caitheann mná dhá oiread an mhéid ama a chaitheann fir ag tabhairt cúraim agus caitheann siad níos mó ná dhá oiread an mhéid ama a chaitheann fir ag déanamh obair tí. Tá bearna mhór ann go fóill idir fir agus mná a dhéanann an méid céanna oibre íoctha freisin (ESRI, 2019).

Luaitear sa tuarascáil go bhfuil gá ann le hathruithe a dhéanamh ar bheartais shóisialta agus fostaíochta chun tacú le cúramóirí, chun meascán de chúram agus d'fhostaíocht a éascú agus chun rannpháirtíocht mhéadaithe na bhfear i gcúram a spreagadh' (ESRI, 2019).

# 10.2 Tuismitheoirí Aonair

Bhí 218,817 dteaghlach ann a bhí faoi cheannas ag tuismitheoir amháin, agus a bhformhór mór (86.4%) faoi cheannas ag máithreacha. Daoine singile a bhí i mbeagnach 90,000 duine (89,686 dhuine) díobh; bhí 50,496 dhuine ina bhaintreach fir nó ina baintreach agus bhí na 68,378 nduine eile scartha nó colscartha (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016). Dá bhrí sin, is teaghlaigh aon tuismitheora atá i gceann amháin de gach ceithre theaghlach, de réir figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh don bhliain 2019. Luadh sa tuarascáil ar an Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC) don bhliain 2020 gur ag daoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil aosach amháin agus leanbh amháin nó níos mó atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a bhí an ráta is airde díothachta neamhroghnaí sa bhliain 2019, agus é cothrom le 45.4%.

I gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne, tá seans níos lú ann go mbeidh cáilíochtaí meánoideachais uachtaraigh, breisoideachais nó ardoideachais ag tuismitheoirí aonair (Czhen agus Bradshaw, 2012). Bíonn impleachtaí tábhachtacha aige sin don earnáil breisoideachais agus oiliúna, ós rud é go dtugann an t-oideachas agus an oiliúint deis chun bacainní ar an bhfostaíocht a laghdú (Mooney agus O'Rourke, 2017). De réir taighde ó Chumann Naomh Uinseann de Pól (2014), tá an cumas atá ag tuismitheoirí aonair chun gabháil don fhostaíocht ag brath go mór ar athruithe beartais agus ar an tacaíocht atá ar fáil.



# 11. Gnéaschlaonadh

Achtaíodh reachtaíocht cheannródaíoch in Éirinn lena méadaítear Comhionannas agus Cearta an Duine do dhaoine LADTA+. Áirítear iad seo a leanas leis an reachtaíocht sin:

- Thug Éire páirtnéireachtaí sibhialta isteach do lánúineacha comhghnéis sa bhliain 2010
- Leis an Acht um Pósadh, 2015, tugtar Comhionannas Pósta do lánúineacha comhghnéis agus tugtar deimhneacht dhlíthiúil do leanaí le lánúineacha comhghnéis
- Leis an Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015, tugtar aghaidh ar na cearta atá ag leanaí chun deimhneacht dhlíthiúil a fháil, chun cúram a fháil óna dtuismitheoirí agus ó na haosaigh thábhachtacha ina saol, agus chun comhionannas a fháil faoin dlí.
- Leis an Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016, tugadh isteach saoire reachtúil íoctha isteach d'aithreacha nua den chéad uair riamh in Éirinn. Aithnítear leis an Acht a thábhachtaí atá sé aithreacha a chumasú sciar méadaithe de na freagrachtaí cúraim i leith a leanaí a ghabháil orthu féin.
- Leis an Acht um Inscne a Aithint, 2015, foráiltear go bhféadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Aitheantais Inscne chun go n-aithneoidh an Stát a (h)inscne roghnaithe.

## 11.1 Eispéireas Daoine LADTAIÉ+

Léirítear sa staidéar seo go leanann daoine LADTI le híospairt agus ciapadh a fhulaingt ina ngnáthshaol laethúil agus nach raibh aon laghdú suntasach ann sna heispéiris sin ó rinneadh an staidéar dar teideal Supporting LGBT Lives sa bhliain 2009.

**75%** an céatadán de dhaoine ar tugadh drochíde ó bhéal dóibh toisc gur daoine LADTI iad (tharla 30% de na cásanna sin sa bhliain seo a chuaigh thart).

**1 as 5** an líon daoine ar scríobhadh rudaí goilliúnacha faoina bhféiniúlacht LADTI ar na meáin shóisialta.

**1 as 3** an líon daoine ar bagraíodh foréigean fisiciúil orthu toisc gur daoine LADTAI+ iad.

**1 as 5** an líon daoine ar buaileadh dorn orthu, ar buaileadh iad nó a ndearnadh ionsaí fisiciúil orthu in áit phoiblí toisc gur daoine LADTAI+ iad.

**1 as 3** an líon daoine ar bagraíodh orthu go nochtfaí a ngnéasacht in aghaidh a dtola.

**1 as 6** an líon daoine LADTI a d'fhulaing foréigean gnéasach.

*(GLEN, BeLonG To, An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 2016).*

# 11.2 Daoine LADTAIÉ+ ar Scoil

Bhí seans maith ann go mbagrófaí ar dhaoine óga LADTI go nochtfaí a ngnéasacht agus bhí seans maith ann go mbraithfeadh siad neamhshábháilte nó an-neamhshábháilte agus iad ag dul go hionad LADTI nó ag imeacht uaidh.

Rátáil daoine atá ar scoil faoi láthair nó a bhí ar scoil sna 5 bliana roimhe sin cé chomh tacúil agus atá nó a bhí a scoil do dhaoine LADTI. Thug a bhformhór cúig mharc as deich marc. I gcomparáid leis sin, thug siad deich marc as deich marc dá gcoláiste/n-ollscoil agus dá n-áit oibre (áit ar tugadh deich marc d'áiteanna atá lántacúil le daoine LADTI). Is dóigh gur féidir an neamhréireacht sin a chur síos do na fionnachtana maidir le heispéiris dhiúltacha na mac léinn LADTI i scoileanna Éireannacha:

- Níor bhraith ach 20% de mhic léinn LADTI ar a suaimhneas go hiomlán ina scoil.
- Ní dúirt ach 44% de mhic léinn LADTI go bhfuair siad dearbhú dearfach i leith a bhféiniúlachta.
- Chonaic 67% de mhic léinn bulaíocht a bheith á déanamh ar mhic léinn eile LADTI ina scoil.
- Bhí eispéireas pearsanta ag 50% de mhic léinn LADTI le bulaíocht in aghaidh daoine LADTI.
- D'fhan mac léinn amháin as gach ceathrar ar shiúl ón scoil chun cóir dhiúltach a bhí bunaithe ar a bhféiniúlacht LADTAI a sheachaint.
- Smaoinigh mac léinn amháin as gach ceathrar faoin scoil a fhágáil go luath agus d'éirigh thart ar dhuine amháin as gach fiche duine as an scoil.
- Bhí leibhéil níos airde dúlagair, imní, struis agus úsáide alcóil le feiceáil i measc mic léinn a d'fhulaing bulaíocht in aghaidh daoine LADTI. I gcomparáid le daoine eile, bhí seans níos fearr ann go ndéanfadh mic léinn a d'fhulaing bulaíocht in aghaidh daoine LADTI dochar dóibh féin, go ndéanfadh siad fíorbhreithniú ar lámh a chur ina mbás féin agus go ndéanfadh siad iarracht lámh a chur ina mbás féin (Mayock et al, 2009).

Sa suirbhé a rinne BeLonG To ar Atmaisféar na Scoileanna (2019), tugtar le fios go mbraitheann 73% de mhic léinn LADTA+ neamhshábháilte ar scoil, agus duine amháin as gach triúr ag rá nach nglacann mic léinn eile le féiniúlachtaí LADTA+. Rud dearfach, fuarthas amach sa taighde freisin gur tharla sé, i gcás go bhfaca siad baill foirne a bheith ag idirghabháil i gcásanna ina ndearnadh ráitis homafóbacha, go raibh sé 15% níos dóchúla go mbraithfeadh mic léinn LADTA+ ar a suaimhneas ar scoil agus go raibh sé 8% níos neamhdhóchúla go bhfanfadh siad ar shiúl ón scoil ar chúiseanna sábháilteachta.



# 12. Míchumas

Ní grúpa aonchineálach iad daoine faoi mhíchumas. Is grúpa an-éagsúil iad a bhfuil fadhbanna an-difriúil acu agus a bhfuil bacainní an-difriúil le sárú acu chun páirt iomlán a ghlacadh san oideachas, san oiliúint agus san fhostaíocht. Is ann do chuid mhór gnéithe difriúla de bhacainní ar chuimsiú, lena n-áirítear bacainní institiúideacha agus bacainní comhshaoil. Mar thoradh ar na bacainní sin agus ar an easpa stairiúil cuimsithe, is ann do bhacainní inmheánaithe freisin.

Chuir samhlacha áirithe tacaíochta srian ar dhul chun cinn freisin, lenar áiríodh an tsamhail Liachta agus an tsamhail Charthanúil. I sochaí na hÉireann, is daingnithe sa reachtaíocht anois atá samhail shóisialta an mhíchumais agus an Cur Chuige um Chearta an Duine. Dar le UNICEF, is iad na bacainní is mó atá roimh chuimsiú ná stiogma, claontacht, aineolas agus easpa oiliúna agus fothaithe acmhainneachta (UNICEF, 2013). Leagann sé amach na bacainní seo a leanas ar chuimsiú:

- **Bacainní fisiciúla** – mar shampla, foirgnimh, modhanna iompair, leithris agus clóis súgartha nach féidir le húsáideoirí cathaoir rothaí rochtain a fháil orthu.
- **Bacainní cumarsáide agus faisnéise** – mar shampla, téacsleabhair nach bhfuil ar fáil in Braille agus fógraí sláinte poiblí a sholáthraítear gan aon ateangaireacht comharthaíochta.
- **Bacainní dearcaidh** – amhail steiréitíopáil, ionchais ísle, trua, postúlacht, ciapadh agus bulaíocht.

De réir DESSA (2021), tá leanaí faoi mhíchumas i measc na ngrúpaí is imeallaithe agus is eisiata leanaí, agus iad faoi réir sáruithe forleathana ar a gcearta. An t-eispéireas a bhíonn acu – easpa deiseanna, aonrú sóisialta, idirdhealú agus bulaíocht – ní as an riocht atá orthu a thagann sé. Tagann sé as easpa tuisceana agus eolais, as aineolas agus as dearcthaí as dáta i leith an mhíchumais (UNICEF, agus DESSA, 2021).

## 12.1 Míchumas – Sláinte agus Soláthar Seirbhíse

Tá easpa cistiúcháin agus acmhainní á soláthar do sheirbhísí sláinte agus tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas le blianta fada anuas. Is é an fhianaise is mó tagairt ina leith sin ná an easpa luath-idirghabhála, an easpa coinní cúram sláinte, an easpa clinicí, an easpa saintacaíochta, agus an easpa idirghabhálacha teiripeacha a sholáthraítear. Tá easpa trealaimh agus teicneolaíochtaí cuiditheacha ar fáil freisin chun tacú le leanaí a bhfuil lagú ó bhroinn orthu.

- Tá 44,592 leanbh ar an liosta feithimh le haghaidh seirbhísí urlabhra agus teanga ar fud na hÉireann.
- Tá breis agus 16,000 leanbh ag feitheamh le measúnuithe tosaigh, agus thart ar 3,600 duine díobh ar an liosta feithimh le níos mó ná 12 mhí.
- Tá 9,574 leanbh eile ag feitheamh le teiripe thosaigh, agus beagnach a leath ag feitheamh le níos mó ná bliain amháin.
- Tá 18,552 leanbh ag feitheamh le tuilleadh teiripe, agus breis agus 6,000 duine díobh ar an liosta feithimh le níos mó ná bliain amháin.
- Bhí 4,137 leanbh ar liosta feithimh le haghaidh tacaíocht meabhairshláinte i mí an Mhárta 2022 (Irish Examiner, Meán Fómhair 2022).
- I gcásanna áirithe, is é trí bliana an t-aga feithimh le haghaidh Measúnú Uathachais a fháil tar éis lean-bh a atreorú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte mar othar poiblí.

*(Cumann Uathachais na hÉireann, 2021)*

## 12.2 Míchumas agus Oideachas

**Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas – Oideachas:**

> *An ceart atá ag daoine faoi mhíchumas chun oideachas a fháil gan aon idirdhealú agus ar bhonn comhdheise agus an ceart atá acu chun córas cuimsitheach oideachais a fháil ar gach leibhéal agus sna pobail ina gcónaíonn siad, agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil á bhfáil acu.*

San oideachas, tá deacrachtaí ann le fada an lá maidir leis an easpa cuimsithe i scoileanna príomhshrutha. Níor soláthraíodh dóthain oiliúna i sainoideachas do mhúinteoirí. Níor soláthraíodh dóthain cistiúcháin chun an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, a chur chun feidhme. Ní sholáthraítear lánacmhainní don obair sin go fóill sa bhliain 2022, a fhágann gur cuireadh na smachtbhannaí reachtúla i leith neamhchomhlíonta ar an méar fhada ó Bhuiséad 2010 i leith. Cuireadh moill ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú, rud a shínigh Éire sa bhliain 2007 agus a daingníodh sa bhliain 2018. Níor síníodh an prótacal roghnach go fóill mar gheall ar reachtaíocht náisiúnta agus seirbhísí a bheith in easnamh chun oibleagáidí an Choinbhinsiúin a chomhlíonadh. Ba iad seo a leanas na torthaí a bhí ar an méid sin ar fad do dhaoine faoi mhíchumas agus dá dteaghlach:

- Easpa socrúchán scoile agus aonad le haghaidh uathachais.
- Easpa cistiúcháin chun Cúntóirí Riachtanas Speisialta, teagasc acmhainne agus tacaíocht oidea-chasúil a sholáthar i scoileanna. An easpa síceolaithe de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais atá ar fáil le haghaidh measúnuithe.
- Easpa seirbhísí síceolaíochta, easpa seirbhísí urlabhra agus teanga, easpa fisiteiripeoirí, easpa tei-ripeoirí saothair agus easpa seirbhísí meabhairshláinte do leanaí atá in aois scoile.
- Easpa spásanna in Aonaid Uathachais i meánscoileanna.

San earnáil Breisoideachais agus Ardoideachais, tá bealaí dul chun cinn agus conairí i dtreo breisoideachas agus ardoideachas príomhshrutha agus i dtreo cláir spriocdhírithe do dhaoine a bhfuil míchumas intleachta orthu in easnamh le blianta fada anuas. Easpa seirbhísí agus tacaí do néara-éagsúlacht sa Bhreisoideachas agus san Ardoideachas. Easpa saoráidí, acmhainní agus uaillmhéine do chuimsiú agus easpa gutha agus cabhrach do dhaoine faoi mhíchumas. Mar thoradh ar an méid sin ar fad, tá easpa deise acadúla, rogha agus gairmoiliúna don fhostaíocht agus easpa bealaí i dtreo an ardoideachais ann do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá easpa deiseanna fostaíochta ar fáil dóibh tar éis an oideachais freisin, rud ar féidir leis a bheith ina chúis le bochtaineacht agus le haonrú sóisialta. Tá easpa beartas tacúil Earcaíochta, easpa Socruithe Réasúnacha agus easpa infheictheachta ann san áit oibre.


Is féidir a mheas gur cumasachas atá sna bacainní sin atá roimh dhaoine faoi mhíchumas cearta an duine atá acu a fheidhmiú go hiomlán, áit a bhfuil an tsochaí socraithe chun freastal a mhéid is mó is féidir ar dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas.

Tá dearadh uilíoch ag teastáil chun tacú le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar ár dtimpeallacht thógtha agus ar an oideachas, agus is féidir le dearadh uilíoch don fhoghlaim tacú leis an líon mór stíleanna éagsúla foghlama atá ann laistigh den seomra ranga.

Sa Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2021, leagadh amach na réimsí seo a leanas mar théamaí lena bhfeabhsú do dhaoine a bhfuil lagú orthu agus atá éagumasaithe ag an tsochaí:

1. *Comhionannas agus Rogha*
2. *Beartais chomhleanúnacha agus seirbhísí poiblí comhleanúnacha*
3. *Oideachas*
4. *Fostaíocht*
5. *Sláinte agus Folláine*
6. *Seirbhísí míchumais duine-lárnacha*
7. *Maireachtáil sa Phobal*
8. *Iompar agus rochtain ar áiteanna*

*(An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, 2020).*



# 12.3 Míchumas agus Fostaíocht

Moltar an méid seo a leanas sa **'Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas'**: An Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur chun feidhme, lena n-áirítear an sprioc fostaíochta don tseirbhís phoiblí a mhéadú ó 3% go 6%, comórtais speisialta seirbhíse poiblí a eagrú, agus bealaí malartacha earcaíochta a chur ar fáil.

Sna Suirbhéanna Náisiúnta Teaghlaigh 2010-2015 maidir le haistrithe fostaíochta daoine faoi mhíchumas, léirítear go bhfuil 31% de dhaoine faoi mhíchumas idir 20 bliain d'aois agus 59 mbliana d'aois san fhostaíocht íoctha, i gcomparáid le 71% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas.

Shínigh rialtas na hÉireann Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (2007) agus dhaingnigh sé le déanaí é (2018) gan an prótacal roghnach. Príomhphointí Airteagal 27;

- Tá sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas obair ar bhonn comhionann le daoine eile.
- Tá rochtain éifeachtach ag daoine faoi mhíchumas ar threoir ghairme, ar shocrúcháin ghairme agus ar oiliúint ghairme.
- Ba cheart fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn trí idirdhealú dearfach agus trí bhearta eile.
- Déantar socrú réasúnach do dhaoine faoi mhíchumas ag an obair.
- Agus í ina beart trínar féidir daoine faoi mhíchumas a fhostú, ba cheart taithí oibre a chur chun cinn sa chlár um athchóiriú míchumais agus meabhairshláinte sa mhargadh saothair oscailte.

Moltar sa Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024 go ndéanfaí tograí chun aghaidh a thabhairt ar rochtain ar áiseanna, fearais agus teicneolaíochtaí cuiditheacha a theastaíonn don ghnáthshaol laethúil, nó ar a inacmhainne atá na nithe sin, a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas a bhféadfaí a ndul isteach san obair, a gcumas chun obair a choinneáil nó a bhfilleadh ar an obair a chur i mbaol toisc nach acmhainn dóibh na míreanna sin a cheannach (Rialtas na hÉireann, 2014).



# 13. Cine

Chuir Éire a hainm leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú sa bhliain 2000 agus tháinig sí os comhair an choiste den uair dheireanach sa bhliain 2011. I gcomhthreo leis an aighneacht oifigiúil a rinne Rialtas na hÉireann i leith an Choinbhinsiúin, tá sainordú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tuarascáil neamhspleách ar leith a sholáthar ar an dóigh a mbíonn Éire ag comhlíonadh na n-oibleagáidí dlíthiúla idirnáisiúnta atá uirthi idirdhealú ciníoch a chomhrac faoin gCoinbhinsiún. Sa Tuarascáil Eatramhach uaidh chuig an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, rinne an Coiste Frithchiníochais Ciníochas a shainmhíniú mar a leanas: "an dinimic chumhachta atá i láthair i socruithe struchtúrtha agus institiúideacha, i gcleachtais, i mbeartais agus i ngnásanna cultúrtha a bhfuil d'éifeacht acu daoine aonair nó grúpaí a eisiamh, nó idirdhealú a dhéanamh orthu, bunaithe ar a bhféiniúlacht, mar atá leagtha amach in Airteagal 1 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, ina sainmhínítear an téarma "idirdhealú ciníoch" mar aon idirdhealú, aon eisiamh, aon srian nó aon tosaíocht atá bunaithe ar chine, ar dhath, ar ghinealach nó ar bhunús náisiúnta nó eitneach a bhfuil de chuspóir nó d'éifeacht aige nó aici cur as do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a aithint nó a fheidhmiú, ar bhonn comhionann, nó an méid sin a neamhniú, sa réimse polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta nó cultúrtha nó in aon réimse eile den saol poiblí" (An tÚdarás um Ard-Oideachas, 2022).

Sa Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Ciníochais 2020-2025 ón Aontas Eorpach, aithnítear leitheadúlacht agus tionchar an chiníochais ar fud an Aontais. Luaitear an méid seo a leanas ann: Tá cineálacha difriúla ciníochais ann. Tá léirithe oscailte ciníochais aonair agus idirdhealaithe chiníoch ar na cinn is follasaí. Is rómhinic a úsáidtear bunús ciníoch nó eitneach mar fhoras chun idirdhealú a dhéanamh – níl i bpaindéim COVID-19 agus sna heachtraí tar éis ionsaithe sceimhlitheoireachta ach na cásanna is déanaí inar cuireadh an milleán go héagórach ar dhaoine a bhfuil cúlra mionlaigh chiníoch nó eitnigh acu. Daoine de bhunadh Áiseach agus Afracach, Moslamaigh, Giúdaigh agus daoine den phobal Romach, cuireadh iad go léir faoi réir na héadulaingthe. Is féidir le cineálacha eile ciníochais agus idirdhealaithe chiníoch nach bhfuil chomh follasach céanna, amhail iad sin atá bunaithe ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach, a bheith chomh dochrach céanna, áfach.

D'fhoilsigh an tÚdarás um Ard-Oideachas tuarascáil ar Chomhionannas Ciníocha agus Plean Cur Chun Feidhme um Chomhionannas Ciníocha, a bhfuil mar aidhm leo dul i ngleic le neamhionannais ciníocha laistigh den earnáil Ardoideachais. Tá impleachtaí ag an bplean sin don earnáil Breisoideachais. Tá moltaí ann maidir le dea-chleachtas freisin.

## Moltaí ón Earnáil Ardoideachais a d'fhéadfaí a oiriúnú don Bhreisoideachas

**Oiliúint éigeantach a sholáthar i gcomhionannas ciníocha**

- Do gach comhalta de phainéil earcaíochta.
- Oiliúint éigeantach frithchiníochais do bhaill foirne ar gach leibhéal, agus béim á cur ar thrasnachas.
- Gnéithe amhail iad seo a leanas a chur ar áireamh san oiliúint: idirghabháil daoine ar an láthair; claontacht neamh-chomhfhiosach; faisnéis chultúrtha; cleachtas cothromasach; agus ceartas ciníoch.
- Ba cheart scéalta maidir le hidirdhealú dearfach a cheistiú freisin.
- Cuaillí eolais soiléire chuig beartais atá ann cheana maidir le comhionannas ciníocha.
- Cuaillí eolais soiléire chuig nósanna imeachta araíonachta agus tuairiscithe i ndáil le comhionannas ciníocha ar an gcampas.

**Feachtais mharthanacha frithchiníochais ar an gcampas agus ar ardáin ar líne**

- Fógraíocht spriocdhírithe i dtreo grúpaí mionlaigh eitnigh.
- Comhairle inimirce a thabhairt do bhaill foirne neamh-LEE chun deacrachtaí fostaíochta a laghdú.
- Feachtas Náisiúnta Frithchiníochais ar fud earnáil ardoideachais na hÉireann.

**Treoir maidir le cleachtais earcaíochta/ardú céime/dul chun cinn ar fud earnáil ardoideachais na hÉireann**

- Fógraíocht spriocdhírithe i dtreo grúpaí mionlaigh eitnigh, rud a bhforbróidh Grúpa Oibre Athena SWAN um Thrasnachas é.
- Feachtas Nochta Dheonaigh atá dírithe ar aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le sonraí faireacháin comhionannais.

**Feachtas Náisiúnta Frithchiníochais ar fud earnáil ardoideachais na hÉireann**

- Feachtas a fhorbairt ar fud roinnt campas agus ar ardáin ar líne.
- Treoir maidir le cleachtais earcaíochta/ardú céime/dul chun cinn ar fud earnáil ardoideachais na hÉireann – go háirithe maidir le fógraíocht spriocdhírithe i dtreo grúpaí mionlaigh eitnigh.
- Feachtas Nochta Dheonaigh atá dírithe ar aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le sonraí faireacháin comhionannais (An tÚdarás um Ard-Oideachas, 2022).

# 14. Duine a bheith ina d(h)uine den Lucht Siúil

*"Ar fud an domhain, féachann daoine ar an bhfostaíocht, agus ar an oideachas as a dtagann fostaíocht níos fearr, mar bhealach chun éalú ón mbochtaineacht ar bhealach macánta maorga. Níl an deis sin ar fáil d'fhormhór na ndaoine den Lucht Siúil, áfach. Tá an fhostaíocht dúnta dóibh mar gheall ar iad a bheith den Lucht Siúil, braitheann a lán daoine dár bpobal gur gá dóibh a bhféiniúlacht a cheilt chun post a fháil, nó chun post a choinneáil, cuirtear iad faoi réir ciníochas in aghaidh an Lucht Siúil san áit oibre, agus ní dhéantar aon iarracht dul i ngleic le ciníochas in aghaidh an Lucht Siúil san áit oibre, sa chóras oideachais ná sa tsochaí ina hiomláine. Is é an toradh atá air sin go bhfuil an pobal ag déileáil le géarchéim mar gheall ar an mbochtaineacht agus ar riachtanas agus go bhfuil daoine atá bródúil agus a bhí neamhthuilleamaíoch tráth róspleách ar an stát anois, agus a scileanna agus a mbuanna á gcur amú."*

*Minceirs Whiden, an 10 Nollaig 2019.*
*Aighneacht chuig an gCoiste Oireachtais um na Príomhcheisteanna a mbíonn tionchar acu ar an Lucht Siúil*



# 14.1 Eispéireas an Lucht Siúil ar an Oideachas

I dtuarascáil a d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC) sa bhliain 2018, scrúdaíodh eispéiris na ndaoine sin i dteaghlaigh nach raibh ach duine amháin ag obair iontu nó nach raibh ach ceangal beag acu leis an bhfórsa saothair agus ar a mhéid a idirghníomhaíonn na teaghlaigh sin le seirbhísí. Tugadh faoi deara sa tuarascáil gurbh iad na grúpaí is mó a bhí faoi réir roinnt cúiseanna leis an dífhostaíocht ná daoine den Lucht Siúil agus imircigh Afracacha, agus fadhbanna litearthachta/inniúlachta teanga, easpa taithí oibre, idirdhealú, agus an fad ama a bhí siad as obair á lua mar na príomhchúiseanna leis sin.

Sainaithníodh sa tuarascáil ó NESC na bacainní sonracha atá le sárú ag mná den Lucht Siúil chun dul isteach san fhostaíocht, chun rochtain a fháil ar thacaí gaolmhara margaidh saothair, lena n-áirítear freagrachtaí chun cúram a thabhairt do leanaí nó do bhaill teaghlaigh faoi mhíchumas, agus chun rochtain a fháil ar sheirbhísí fostaíochta stáit nuair nach bhfaigheann siad aon íocaíocht leasa shóisialaigh as a gceart féin.

Cé gur féidir beagnach dhá thrian den bhearna fostaíochta idir daoine den Lucht Siúil agus daoine eile a chur síos do mhíbhuntáiste oideachasúil, fuair ESRI amach go bhfuil bearna ann go fóill fiú amháin tar éis na sonraí a choigeartú chun aird a thabhairt ar an oideachas, ar aois, ar inscne, ar stádas pósta agus ar leanaí a bheith i láthair. Dar le ESRI, is féidir an bhearna sin a chur síos d'idirdhealú díreach agus neamhdhíreach agus do chlaontacht dhíreach agus neamhdhíreach, atá i measc na bpríomhchúiseanna le dífhostaíocht an Lucht Siúil.

- Cuireadh meánoideachas uachtarach nó níos airde ar 13.3% de mhná den Lucht Siúil, i gcomparáid le 69% den phobal i gcoitinne.
- Cuireadh bunoideachas ar a mhéad ar 57.2% d'fhir den Lucht Siúil, i gcomparáid le 13.6% den phobal i gcoitinne.
- Bhí cáilíocht tríú leibhéal ag 167 nduine den Lucht Siúil, méadú beag ó ocht nduine is seachtó ó Dhaonáireamh na bliana 2011.
- Tugtar le fios i sonraí faoi thorthaí breisoideachais agus oiliúna don Lucht Siúil gur mó i bhfad an líon ban ná an líon fear ar gach leibhéal den soláthar breisoideachais agus oiliúna.
- Tugtar le fios i dtaighde cáilíochtúil go mbíonn eispéiris mheasctha ag daoine den Lucht Siúil agus iad ag fáil rochtain ar an oideachas agus ag glacadh páirt ann. Eispéiris dhiúltacha, go háirithe ceisteanna ciníochais agus na hionchais ísle atá ag múinteoirí maidir lena gcumas, sainaithníodh iad mar phríomhbhacainní ar dhea-thorthaí oideachasúla do leanaí agus daoine óga den Lucht Siúil.
- Nithe eile a sainaithníodh mar nithe a imríonn drochthionchar ar oideachas leanaí den Lucht Siúil is ea na cinntí cistiúcháin a rinneadh chun tacaí oideachais atá sonrach don Lucht Siúil a laghdú, amhail Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta agus Múinteoirí Acmhainne don Lucht Siúil.

- Idir na blianta 2008 agus 2012, laghdaíodh faoi 87% an cistiú ón stát le haghaidh tacaí oideachais atá sonrach don Lucht Siúil. I gcomparáid leis sin, ní raibh ach laghdú foriomlán 4% ann ar chaiteachas an rialtais sa tréimhse chéanna. Cé nár tugadh na tacaí sin ar ais ina dhiaidh sin, thug ESRI an méid seo a leanas faoi deara sa bhliain 2017: "Mar thoradh ar mhéid an mhíbhuntáiste oideachasúil a fhulaingíonn daoine den Lucht Siúil, beidh tacaí sonracha agus spriocdhírithe breise ag teastáil uathu chun gur féidir leo páirt a ghlacadh san oideachas príomhshrutha ar théarmaí comhionanna".

*Tuarascáil agus Moltaí le haghaidh Straitéis Oideachais don Lucht Siúil (2005)*

Is é an uaillmhian le haghaidh Oideachas don Lucht Siúil ná gur cheart dó a bheith de chineál príomhshrutha agus cuimsitheach agus féachaint le comhionannas rochtana, comhionannas rannpháirtíochta agus comhionannas torthaí a bhaint amach don Lucht Siúil i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil.

Ba cheart dó oideachas idirchultúrtha agus frithchlaontachta a chur chun cinn, ar oideachas é ina n-aithnítear gurb ionann éagsúlacht chultúrtha agus neart atá le bailíochtú, le ceiliúradh agus le cothú. Ba cheart don oideachas aghaidh a thabhairt ar chontúirtí an chiníochais agus an idirdhealaithe. Ba cheart dó bheith cuimsitheach agus ba cheart dó cothromas a sholáthar. Ba cheart dó tacú le héagsúlacht agus níor cheart dó bheith bunaithe ar an toimhde go bhfuil deacrachtaí foghlama ag gach duine den Lucht Siúil.

Sa tuarascáil, sainmhínítear cuimsiú mar ní a bhfuil roinnt de na nithe seo a leanas i gceist leis:
- Daoine den Lucht Siúil a chomhtháthú isteach i soláthar príomhshrutha ar gach leibhéal den chóras oideachais agus i samhail lánchuimsitheach um sholáthar oideachais agus, ar an tslí sin, timpeallacht dhearfach a chruthú do gach duine den Lucht Siúil.
- Acmhainní a sholáthar de réir riachtanas sainaitheanta oideachais.
- Paireacht mheasa a chur chun cinn agus glacadh léi, áit a n-aithnítear difríochtaí, a n-urramaítear iad agus a bhfáiltítear rompu.
- Gach comhpháirt de chúrsaí réamhsheirbhíse, ionduchtúcháin agus forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí/teagascóirí a bheith bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe; ba cheart do gach duine a bhfuil ról acu sa chóras oideachais tuiscint a bheith acu ar fhrith-idirdhealú, ar fhrithchiníochas, ar fhrithchlaontacht agus ar idirchultúrachas, ionas go mbeidh ag gach gairmí oideachais na scileanna, an t-eolas agus na dearcthaí a theastaíonn chun déileáil le ceisteanna agus dúshláin agus chun córas cuimsitheach scoile a bhaint amach. Laistigh den chomhthéacs cuimsitheach sin, thabharfaí aghaidh ar fhéiniúlacht agus cultúr an Lucht Siúil.
- Dearbhú agus tacaíocht san oideachas a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas den Lucht Siúil agus dá dtuismitheoirí.
- Oideachas a sholáthar ar bhealach a nglacann le féiniúlacht na bhfoghlaimeoirí uile den Lucht Siúil, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, agus a mbailíochtaíonn an fhéiniúlacht sin (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2006).

# 15. An Pobal Romach in Éirinn



De réir thuarascáil an Mheasúnaithe ar Riachtanais (2018), sainaithníodh teaghlaigh Romach i ngach contae in Éirinn. Meastar go gcónaíonn na pobail Romach is mó i mBaile Átha Cliath, i Lú, i gCill Dara, i Loch Garman, i gCorcaigh, i gCiarraí, ar an gClár agus i nDún na nGall. Sainaithníodh sa léarscáiliú a rinneadh go bhfuil Romaigh ann ón Rómáin, ó Phoblacht na Seice, ón tSlóvaic, ón Ungáir agus ón bPolainn, agus an chuid is mó díobh ag teacht ón Rómáin (thart ar 80%).

Tá cónaí ar na freagraithe in Éirinn le tréimhse idir níos lú ná bliain amháin agus 19 mbliana. Tá cónaí ar 70% de na freagraithe in Éirinn le cúig bliana nó níos mó; agus tá cónaí ar 14% díobh le 15 bliana nó níos mó. Tá cónaí ar 20% de na freagraithe in Éirinn le hocht mbliana, i gcomhthráth le haontachas na Rómáine agus na Bulgáire leis an Aontas Eorpach sa bhliain 2007. Cúis a thug daoine arís agus arís eile le teacht go hÉirinn ba ea saol níos fearr a thabhairt dá leanaí.

Bhí Idirdhealú agus Bochtaineacht ar na ceisteanna is práinní do Romaigh in Éirinn, go háirithe iad sin a raibh éadaí traidisiúnta orthu agus a raibh easpa líofachta i mBéarla acu. Bhí bochtaineacht le brath ina lán réimsí difriúla, mar a léirítear sa dara tábla (Ionad Pavee don Lucht Siúil agus do Romaigh agus An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, 2018).

| Freagraithe a bhraith | % de na freagraithe |
|---|---|
| Go ndearnadh idirdhealú orthu agus iad ag iarraidh post a fháil | 78.9% (líon=76) |
| Go ndearnadh idirdhealú orthu agus iad ag iarraidh cóiríocht a fháil | 93.3% (líon=90) |
| Go ndearnadh idirdhealú orthu agus iad ag iarraidh leas sóisialach a fháil | 84.3% (83) |
| Go ndearnadh idirdhealú orthu ag seirbhísí sláinte | 70.5% (líon=78) |
| Go ndearnadh idirdhealú orthu i siopa, i mbialann, i dteach tábhairne nó in ionad sóisialta eile | 74.7% (líon=87) |
| Go ndearnadh idirdhealú orthu ar an tsráid nó i suíomh poiblí eile | 81.1% (líon=90) |
| Go ndearna na gardaí nó na cúirteanna idirdhealú orthu | 53.8% (líon=78) |
| Go ndearna tiarna talún nó údarás áitiúil idirdhealú orthu | 76.2% (líon=77) |

*Ionad Pavee don Lucht Siúil agus do Romaigh agus An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2018). Romaigh in Éirinn – Measúnú Náisiúnta ar Riachtanais, lch 51*

| Céatadán de na freagraithe | Freagraithe a raibh roinnt nó gach ceann de na fadhbanna thíos acu |
|---|---|
| 0 - 20% de na freagraithe (Neasf-higiúr) | Níl aon chistin agam (12.4%)<br>Níl aon chócaireán agam (9.6%) Níl aon chuisneoir agam (13.5%)<br>Ní bhíonn aon bhia, aon ghás, aon uisce agus/nó aon leictreachas agam uaireanta<br>Tá deichniúr nó níos mó ann i mo theaghlach (7.3%)<br>Tá cóiríocht phlódaithe agus ar dhroch-chaighdeán agam<br>Níl aon uimhir PSP agam – easpa rochtana ar sheirbhísí (19.8%)<br>Iarraim airgead mar fhoinse ioncaim (17.6%)<br>Níl aon ioncam agam (14%) |
| 0 - 60% de na freagraithe (Neasf-higiúr) | Téann mo leanaí ar scoil agus ocras orthu (25%)<br>Ní bhíonn dóthain bia agam i gcónaí (49.5%)<br>Ní bhíonn dóthain breosla agam i gcónaí (46.2%)<br>Ní féidir liom an teach a choinneáil teolaí i gcónaí (66.3%)<br>Níl dóthain airgid agam do leabhair agus d'éidí (57.5%) |

*Ionad Pavee don Lucht Siúil agus do Romaigh agus An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2018). Romaigh in Éirinn – Measúnú Náisiúnta ar Riachtanais, lch 61*

# 15.1 Romaigh agus Oideachas

Maidir le hoideachas leanaí den phobal Romach, luadh i dtuarascáil an Mheasúnaithe ar Riachtanais gur fhéach na freagraithe ar an oideachas mar dheis dhearfach do leanaí den phobal Romach in Éirinn agus gur chuir tuismitheoirí béim ar an tábhacht a leagann siad ar oideachas a bheith á fháil ag a leanaí. Luadh sa tuarascáil gur fhreastail breis agus 70% de na leanaí sna teaghlaigh ar bhunscoil nó iar-bhunscoil. Luadh inti freisin go raibh dúshláin shuntasacha ann maidir le rannpháirtíocht, tinreamh agus gnóthachtáil leanaí den phobal Romach i gcóras oideachais na hÉireann agus go ngníomhaíonn bochtaineacht agus drochdhálaí maireachtála mar bhacainní móra ar an oideachas a rochtain agus ar pháirt a ghlacadh ann, agus 25% de theaghlaigh ag rá go ndeachaigh leanaí ar scoil agus ocras orthu. Dúirt na freagraithe freisin gur fadhbanna iad na tacaí neamh-leordhóthanacha Béarla agus litearthachta atá ar fáil do leanaí agus do thuismitheoirí agus gur fadhbanna eile iad eispéiris na dtuismitheoirí féin ar an oideachas, lena n-áirítear idirdhealú, leithscaradh agus ísealghnóthachtáil oideachasúil (Ionad Pavee don Lucht Siúil agus do Romaigh agus An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2018).

# 15.2 Deacrachtaí Litearthachta

Sa Mheasúnú ar Riachtanais, thuairiscigh 71.2% de na freagraithe gur deacair dóibh foirmeacha Béarla a léamh agus dúirt 66% díobh gur deacair dóibh foirmeacha Béarla a chomhlánú. Fuair 84% de na freagraithe ar theaghlaigh iad cabhair chun léamh agus scríobh i mBéarla. Cuireadh in iúl sa tuarascáil gur gá do sheirbhísí aird a thabhairt air sin, i gcás go gceanglaíonn siad ar dhaoine cuid mhór ábhair scríofa a chomhlánú chun gur féidir leo dul i dteagmháil leo (Ionad Pavee don Lucht Siúil agus do Romaigh agus An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, 2018).

# 16. Míbhuntáiste Eacnamaíoch


Tá ag Éirinn céatadán an-suntasach de dhaoine aonair a bhfuil oideachas tríú leibhéal acu (An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, 2020; Smyth & McCoy, 2021). Cuirtear an t-ardráta gnóthachtála oideachasúil sin i gcomparáid le stáit eile den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta síos don oideachas dara leibhéal saor in aisce a thabhairt isteach sna 1960í agus don oideachas tríú leibhéal saor in aisce a thabhairt isteach sna 1990í. Sa staidéar fadaimseartha Ag Fás Aníos in Éirinn, tuairiscíodh gur thug 87% de na daoine 20 bliain d'aois a ndearnadh suirbhé orthu faoi chúrsa oiliúna amháin ar a laghad ón uair a d'fhág siad an scolaíocht i leith (O'Mahoney et al, 2021).

Dar leis an tuarascáil dar teideal 'Intergenerational Poverty in Ireland' (2022), Curristan, S., Maître, B., Russell, H.,

> *'ní is díol spéise ar leith is ea gnóthachtáil oideachasúil toisc gur shainaithin daoine léinn í a bheith ar an toisc aonair is tábhachtaí taobh thiar de shoghluaisteacht shóisialta a chumasú agus de bhuntáiste/mhíbhuntáiste a tharchur' (Erikson & Goldthorpe, 2002; Jerrim & MacMillan, 2015).*

Dar le Black & Devereux (2011), d'fhéadfadh go mbeadh roinnt cúiseanna mar bhonn agus thaca ag an éifeacht sin. Ar an gcéad dul síos, is gnách go mbíonn ioncam níos airde ag daoine a bhfuil ardleibhéal oideachais acu, agus d'fhéadfadh an fháil ar ioncam difear dearfach a dhéanamh do ghnóthachtáil oideachasúil a leanaí.

Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh oideachas tuismitheoirí a bheith bainteach le hinfheistíocht tuismitheoirí ina leanaí; taispeánadh i suirbhéanna san am atá thart an bhaint atá ann idir leibhéil oideachais agus an t-am a chaitheann tuismitheoirí lena leanaí (Guryan et al., 2008; Smyth, 2016). Cuirtear ar aghaidh i dtaighde ó Jerrim & Macmillan (2015) gurb é acmhainn na dteaghlach ardioncaim chun infheistiú i bhforbairt a leanaí an rud atá ríthábhachtach maidir le buntáiste a tharchur (Curristan, 2022).



# 16.1 Eispéiris Dhíobhálacha Óige

Is é is Eispéiris Dhíobhálacha Óige ann ná eispéiris strusmhara nó thrámacha ar féidir leo tionchar ollmhór a bheith acu ar leanaí agus ar dhaoine óga ar fud a saoil agus ar féidir leo tionchar ollmhór a bheith acu ar thodhchaí na leanaí agus na ndaoine óga sin maidir le cáilíocht na beatha ón taobh sóisialta, acadúil agus eacnamaíoch de. Is ann do dheich nEispéireas Dhíobhálacha Óige aitheanta, atá mar a leanas:

## Mí-úsáid

- Mí-úsáid Fhisiciúil, Mí-úsáid Ghnéasach agus/nó Mí-úsáid ó Bhéal


## Faillí

- Faillí Mhothúchánach agus Faillí Fhisiciúil

## Fás aníos i dteaghlach:

- Ina bhfuil aosaigh a bhfuil fadhbanna alcóil agus drugaí acu
- Ina bhfuil aosaigh a bhfuil Fadhbanna Meabhairshláinte acu
- Ina bhfuil foréigean baile ann
- Ina bhfuil aosaigh a bhfuil am caite i bpríosún acu
- Inar scar na tuismitheoirí óna chéile


Dar le staidéar taighde a rinne an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (2017) dar teideal 'A Profile of learners in Youthreach', is ann do raon cineálacha eile angair Óige a bhfuil éifeachtaí fadtéarmacha diúltacha cosúla acu: méala, bulaíocht, bochtaineacht, angar pobail amhail cónaí i limistéar díothach agus foréigean comharsanachta.



# 16.2 Timpeallachtaí Díobhálacha Pobail

Cé nach ndéanann cineálacha angair difear do gach duine ar an aon bhealach amháin, agus d'fhéadfadh gurbh iad tosca athléimneachta agus meon an duine aonair is cúis leis sin, taispeánadh i staidéir gur féidir go mbeidh drochthionchar diúltach ann ar fhás néareolaíoch agus forbairt inchinne an duine aonair má fhulaingíonn sé/sí cúig cinn nó níos mó de na hEispéiris Dhíobhálacha Pobail sin gan aon mhaolú agus gur féidir go ndéanfar difear dá t(h)orthaí sa todhchaí dá bharr.

Leagadh amach i staidéar taighde a rinne an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (2017) go méadaíonn ar an riosca go mbeadh torthaí diúltacha ann do dhaoine aonair de réir mar a mhéadaíonn ar an líon Eispéireas Díobhálach Pobail atá acu. I gcás foghlaimeoirí a bhfuil níos mó ná dhá Eispéireas Dhíobhálacha Pobail acu, mar shampla, aimsíodh go bhfuil seans trí huaire níos mó ann go bhfulaingeoidh siad teip acadúil, go bhfuil seans sé huaire níos mó ann go mbeidh fadhbanna iompraíochta acu agus go bhfuil seans cúig huaire níos mó ann go mbeidh fadhbanna tinrimh acu. Ina theannta sin, bhí baint ag ceithre Eispéireas Dhíobhálacha Pobail a bheith ag duine le méadú seacht n-uaire sa dóchúlacht go bhfulaingeoidh sé/sí alcólachas agus bhí baint ag sé Eispéireas Dhíobhálacha Pobail a bheith ag duine le méadú 30 uair go bhfaighidh sé bás de dheasca féinmharú (an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, 2017). Déanann tosca pobail difear d'eispéiris daoine aonair in Eispéiris Dhíobhálacha Óige freisin.




*Fíor 8: Ellis, W., Dietz, W (2017) A new framework for addressing Adverse Childhood and Community Experiences*

Tugtar le fios sa liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas na cineálacha deacrachtaí a aimsíodh a bheith bainteach le hEispéiris Dhíobhálacha Óige (an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, 2017)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Alcólachas agus mí-úsáid alcóil** | **Galar Iscéimeach Croí** | **Roinnt Páirtnéirí Gnéasacha a bheith ag duine** | **Caitheamh Tobac a Thosú go Luath** |
| **Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach** | **Galar Ae** | **Galair ghnéas-tarchurtha** | **Gníomhaíocht Ghnéasach a Thosú go Luath** |
| **Dúlagar** | **Drochfheidhmíocht Oibre** | **Caitheamh Tobac** | **Toircheas Ógánach** |
| **Bás Féatais** | **Strus Airgeadais** | **Iarrachtaí Féinmharaithe** | **Riosca foréigin ghnéasaigh** |
| **Úsáid drugaí neamhcheadaithe** | **Riosca go bhfulaingeofaí Foréigean Dlúth-Pháirtnéara** | **Toirchis neamhbheartaithe** | **Droch-Ghnóthachtáil Acadúil** |


Tá baint ag Eispéiris Dhíobhálacha Óige go dtí seo leis an Scolaíocht a Fhágáil go Luath agus le droch-ghnóthachtáil oideachais toisc gur ar mhód 'eagla, teite nó reoite' a bhíonn an inchinn atá i mbéal forbartha ag freagairt. Is freagairt do strus í sin nach bhfuil fabhrach don fhoghlaim agus ar féidir léi fadhbanna iompraíochta nó fadhbanna tinrimh san oideachas teacht aisti. Tugadh le fios sa taighde ón staidéar ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais go dtéann an inchinn faoi athruithe móra san ógántacht agus nach dtagann na réigiúin i dtosach na hinchinne lena rialaítear ardsmaointeoireacht in aibíocht go hiomlán ach amháin nuair atá an duine sna fichidí, cé gurb é atá san aois is fearr le haghaidh tacaí ná na luathbhlianta ón mbreith go dtí an ógántacht.

Dá luaithe a chuirtear idirghabhálacha tacúla, maolaitheacha agus cosantacha eispéiris i bhfeidhm do leanaí agus do theaghlaigh is ea is mó an seans nach mbeidh Eispéiris Dhíobhálacha Óige acu agus/nó go dtiocfaidh siad slán astu. Is ann d'am fós chun an míbhuntáiste a mhaolú ar fud na saolré trí Sholáthar atá Bunaithe ar Thráma agus trí Chleachtas Aisiríoch.

## 16.3 Cur Chuige atá Bunaithe ar Eispéiris Dhíobhálacha Óige

Cuid thábhachtach d'Eispéiris Dhíobhálacha Óige a mhaolú is ea luath-idirghabháil. Trí thacú le teaghlaigh agus le pobail, is féidir tosca cosantacha a mhéadú agus timthriall idirghlúine an tráma a chosc. Is féidir tacú le leanaí agus le daoine óga atá faoi réir Eispéiris Dhíobhálacha Óige trí chúram agus oideachas atá bunaithe ar thráma.

Leagtar béim sna Treoirlínte maidir le Folláine i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna (an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015) ar na dóigheanna ar féidir le scoileanna tosca cosantacha a chur chun cinn i ndáil leis an meabhairshláinte, lena n-áirítear caidreamh dearfach, braistint slándála, bainistíocht éifeachtach ranga, oideachas scileanna sóisialta agus mothúchánacha, agus ardionchais ghnóthachtála.




*Fíor 9: Woerden, 2018, ACE Informed Approach*

# 17. Cruinniú Bailíochtúcháin le Geallsealbhóirí

Ba é a bhí sa chuid deiridh den Athbhreithniú ar an Litríocht ná próiseas comhairliúcháin le Geallsealbhóirí chun a chinntiú go bhfuil an taighde ina léiriú ar cheisteanna áitiúla agus go bhfuil sé ionadaíoch do na grúpaí a dtarraingítear aird orthu ann.

Cuireadh cruinnithe bailíochtúcháin ar siúl le baill foirne, le foghlaimeoirí, le soláthraithe tánaisteacha agus le heagraíochtaí seachtracha chun an tuarascáil a bhailíochtú.



# 18. Príomh-Mholtaí agus Gníomhartha Beartaithe



| | Príomh-Mholadh | Gníomhartha | Torthaí |
|---|---|---|---|
| 1 | Ba cheart na baill foirne uile a chur ar an eolas faoin Dualgas Earnála Poiblí atá orthu faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 | Oiliúint foirne ar an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014<br>• Chruthaigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas oiliúint foirne ar líne atá deimhnithe agus saor in aisce chun go mbeadh fostaithe earnála poiblí in ann an dualgas atá orthu a thuiscint.<br>• Ba cheart oiliúint ar líne ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a chur ar áireamh san ionduchtú foirne.<br>• Feachtais múscailte feasachta/oiliúint do gach ball foirne uile maidir le Dualgas Earnála Poiblí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.<br>• Tá foilseacháin ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar fáil do gach ball foirne ar an suíomh SharePoint. | Fógraítear an oiliúint ar líne saor in aisce ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar an suíomh SharePoint um Rochtain agus Cuimsiú.<br>Tá an lámhleabhar faisnéise ar fáil ar an suíomh SharePoint um Rochtain agus Cuimsiú.<br>Tá an oiliúint sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ag www.ihrec.ie/elearning. |

| | Príomh-Mholadh | Gníomhartha | Torthaí |
|---|---|---|---|
| 2 | Ba cheart Oiliúint Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe a chur ar fáil do gach ball foirne. | Ba cheart oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil do bhaill foirne sna réimsí seo a leanas:<br>• Oiliúint Feasachta ar Chultúr an Lucht Siúil<br>• Oiliúint Cuimsithe Ciníocha<br>• Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas<br>• Oiliúint Feasachta Idirchultúrtha<br>• Oiliúint Frithchlaontachta/Oiliúint Claontachta Neamh-Chomhfhiosaí<br>• Oiliúint LADTAIÉ+<br>• Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim<br>• Oiliúint i dToiliú Gníomhach/ sa Chéad Phointe Teagmhála | Soláthraítear máistir-ranganna Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe trí Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil, agus soláthraítear modúil leantacha ó Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt do bhaill foirne trí Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil do Bhreisoideachas agus Oiliúint. Oiliúint eile atá ar fáil trí Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil do Bhreisoideachas agus Oiliúint:<br>Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas.<br>Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim.<br>Oiliúint Cuimsithe Uathachais.<br>Oiliúint Cuimsithe Disléicse.<br>Mol Toilithe Ghníomhaigh/Toilithe.<br>Oiliúint sa Chéad Phointe Teagmhála trí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann do Bhreisoideachas agus Oiliúint.<br>Tugtar naisc sa suíomh SharePoint um Rochtain agus Cuimsiú sa Bhreisoideachas agus Oiliúint chuig oiliúint ar líne, oiliúint fhéintreoraithe agus oiliúint dheimhnithe atá saor in aisce ó ghníomhaireachtaí tathanta.<br>Inrochtaineacht Dhigiteach, Tús Eolais ar Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim, Accessibility Resources and Know-How (ARK). (ARK) (suaitheantais dhigiteacha ARK ó AHEAD).<br>Oiliúint Frithchlaontachta Idirchultúrtha.<br>LADTAIÉ – Oiliúint Feasachta ó BeLonG To<br>Oiliúint Tacaíochta Meabhairshláinte agus Folláine |

| | Príomh-Mholadh | Gníomhartha | Torthaí |
|---|---|---|---|
| 3 | Ba cheart feachtais múscailte feasachta agus imeachtaí ceiliúrtha chun Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun cinn a chur ar siúl ar fud gach srutha agus ba cheart iad a leabú isteach inár gcultúr. | • Ba cheart grúpaí oibre téamacha a bheith ann le haghaidh cleachtas cuimsitheach a leabú dár bhfoireann agus do na daoine a bhfreastalaímid orthu.<br>• Cur Chun Cinn na hÉagsúlachta agus Tionscnaimh Éagsúlachta ar fud gach srutha.<br>• A chinntiú go bhfuil gach Ionad, Oifig agus Scoil ina léiriú ar an éagsúlacht agus go bhfuil cultúr cuimsitheach acu. | Tá Scoileanna, Ionaid Ógtheagmhála agus Ionaid Iar-Ardteistiméireachta ag obair go réamhghníomhach ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun cinn agus a cheiliúradh.<br>Tosaíodh Comhairle Foghlaimeoirí Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman chun Glór na bhFoghlaimeoirí a chur chun cinn i mBord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman. |
| 4 | Ba cheart na foirgnimh uile a bheith inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ba cheart iad a bheith oiriúnach don fheidhm do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí. Ba cheart athbhreithniú foirgneamh a bheith déanta ar gach foirgneamh chun comhlíonadh Chuid M den Acht um Míchumas 2005 a chinntiú. | Ba cheart Measúnú Inrochtaineachta a dhéanamh ar gach oifig, ionad agus scoil agus ar fhoirgnimh uile Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman agus ar na limistéir pháirceála uile mórthimpeall. | Rinneadh measúnuithe inrochtaineachta ar ár bhfoirgnimh a cheadú agus a thosú. |

| | Príomh-Mholadh | Gníomhartha | Torthaí |
|---|---|---|---|
| 5 | Ba cheart acmhainní, ábhair agus fógraí a bheith inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine nach bhfuil an Béarla mar chéad teanga acu.<br>Ba cheart treoirlínte Béarla Shoiléir a úsáid i ngach foilseachán. | Treoirlínte Béarla Shoiléir a chur chun feidhme. Acmhainní a bheidh inrochtana do gach foghlaimeoir/do gach foghlaimeoir ionchasach a fhorbairt nó a fhoinsiú.<br>Ba cheart ár gcomharthaí agus ár bhfógraí, i measc nithe eile, a bheith inrochtana agus i mBéarla Soiléir.<br>Ba cheart leaganacha soléite agus aistriúchán go teangacha eile a bheith ar fáil chun faisnéis thábhachtach a chur in iúl do dhaoine a bhfuil Míchumas Intleachta orthu agus do dhaoine nach bhfuil an Béarla mar chéad teanga acu.<br>Ba cheart do bhaill foirne a bheith ar an eolas faoin straitéis um Litearthacht d'Aosaigh don Saol – Bheith ar an eolas faoin litearthacht, seirbhís a thacaíonn leis an litearthacht a sholáthar, agus an litearthacht a chomhtháthú isteach i soláthar, i seirbhísí agus i ngach pointe teagmhála/idirghníomhaíocht. | Cuireadh oiliúint i mBéarla Soiléir ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh i bhfeidhm trí Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil don fhoireann.<br>Tá Uirlisí agus Leideanna ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh le haghaidh Béarla Soiléir a Mheas ar fáil do bhaill foirne Breisoideachais agus Oiliúna ar SharePoint.<br>Chruthaigh an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh treoir don tseirbhís phoiblí. Litearthacht agus Gníomhachtú (ops.gov.ie)<br>Soláthraíonn seirbhís Litearthacht Aosach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman ranganna litearthachta agus cláir litearthachta do dhaoine a bhfuil riachtanais litearthachta acu ar bhonn duine le duine, i ranganna agus i ngrúpaí beaga, agus soláthraíonn sí cláir foghlama téamaí ar bhonn neamhchreidiúnaithe agus ar bhonn creidiúnaithe ag leibhéil 1-3 (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann), lena n-áirítear cláir foghlama teaghlaigh.<br>Tá tacaíocht litearthachta ar fáil freisin d'fhoghlaimeoirí i gcláir Bhreisoideachais agus Oiliúna ó leibhéil 3-5 trí sheirbhís Litearthacht Aosach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman.<br><br>Ceapadh Comhordaitheoir Réigiúnach Litearthachta de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman agus seoladh an Straitéis agus an Ciste Comhoibríoch um Litearthacht d'Aosaigh don Saol chun litearthacht a bhreisiú ar fud Phort Láirge agus Loch Garman. |

| | Príomh-Mholadh | Gníomhartha | Torthaí |
|---|---|---|---|
| **6** | Ba cheart ár gcuid acmhainní agus ábhar Teagaisc agus Foghlama a ullmhú de réir Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim agus a bheith i bhformáidí inrochtana. Ba cheart don fhoireann úsáid a bhaint as modhanna cuimsitheacha le haghaidh an teagaisc. | • Cleachtas cuimsitheach Teagaisc agus Foghlama agus Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a úsáid chun tacú leis an gcuimsiú.<br>• Ba cheart do bhaill foirne atá ag obair in oiliúint dheimhnithe breithniú a dhéanamh ar gach próifíl foghlaimeora ina gcuid acmhainní, ábhar agus cleachtais teagaisc agus foghlama. | Chuir Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil sa Bhreisoideachas agus Oiliúint an oiliúint sin i bhfeidhm dhá uair ar a laghad. Rinneadh éigeantas de sa Litearthacht. Ghlac grúpa nua Teagaisc, Foghlama agus Measúnachta cur chun cinn agus dul chun cinn an Deartha Uilíoch don Fhoghlaim mar phríomhthopaic ba cheart a chur ar aghaidh.<br>Tá oiliúint ar fáil trí AHEAD agus trí ghearrchúrsa ar líne agus saor in aisce – tá suaitheantais dhigiteacha ar fáil tríd an suíomh SharePoint um Rochtain agus Cuimsiú. Tá treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim do Chleachtóirí Breisoideachais agus Oiliúna foilsithe agus ar fáil ar an suíomh SharePoint. |
| **7** | Ba cheart doiciméid sholéite a bheith ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil míchumas intleachta orthu chun an fhaisnéis atá le fáil i bhfoirmeacha, i ndoiciméid agus i mbeartais, i measc nithe eile, a mhíniú. | Bogearraí a cheannach chun doiciméid Sholéite a chruthú le haghaidh ár gcuid foirmeacha agus faisnéise do dhaoine a bhfuil míchumas intleachta orthu. | Tá bogearraí ceannaithe le haghaidh foirmeacha agus doiciméid do dhaoine a bhfuil míchumas intleachta orthu chun doiciméid Sholéite a chruthú. |

| | Príomh-Mholadh | Gníomhartha | Torthaí |
|---|---|---|---|
| 8 | Ba cheart gach ceann de na tuarascálacha agus na doiciméid uainn a chruthaítear go hinmheánach a bheith i bhformáid inrochtana trí úsáid a bhaint as na huirlisí MS atá ar fáil nó as rogha mhalartach oiriúnach. Ní mór dúinn an dualgas sin chun tuarascálacha inrochtana a chruthú a chur ar aghaidh chuig foilseacháin sholáthartha. | D'fhoilsigh AHEAD gearrchúrsa oiliúna deimhnithe ar líne agus saor in aisce d'oideoirí: Accessibility Resources and Know-How (ARK). | Tá doiciméad ag an bhfoireann cumarsáide ar an Mol atá mar bhonn eolais faoin dea-chleachtas i scríobh tuarascálacha agus inneachair chun tacú le hinneachar inrochtana a tháirgeadh.<br>Spreagtar baill foirne chun tabhairt faoi na gearrchúrsaí oiliúna deimhnithe ar líne agus saor in aisce arna bhfógairt ar an suíomh SharePoint um Rochtain agus Cuimsiú.<br>ARK de chuid AHEAD<br>Ár gCúrsaí Inrochtaineachta saor in aisce – níl le déanamh ach Féinchlárú.<br>Cúig Chúrsa ar líne agus saor in aisce ar ARK – Accessibility Resources and Know-How de chuid AHEAD<br>Cúrsa saor in aisce: Tús Eolais ar Inrochtaineacht Dhigiteach d'Oideoirí.<br>Cúrsa saor in aisce: Inrochtaineacht dhigiteach – Cur Chuige Institiúide Uile.<br>Cúrsa saor in aisce: Ráiteas Inrochtaineachta Gréasáin a Fhorbairt.<br>Cúrsa saor in aisce: Leagan Amach Cúrsaí a Dhearadh ar mhaithe le Rath an Fhoghlaimeora. |

| | Príomh-Mholadh | Gníomhartha | Torthaí |
|---|---|---|---|
| 9 | Tá oibleagáid ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman faoin Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin a cumhdaíodh i reachtaíocht na hÉireann sa bhliain 2020 suíomhanna Gréasáin inrochtana agus feidhmchláir mhóibíleacha inrochtana a bheith aige ina gcuimsítear inneachar inrochtana agus íomhánna inrochtana agus ráiteas atá ar fáil don phobal faoina gcomhlíonadh ó thaobh na hinrochtaineachta de. Ní mór dó an dualgas sin a chur ar aghaidh trí sholáthar freisin. | • Cruthóidh an fhoireann cumarsáide ráiteas inrochtaineachta digití le haghaidh suíomhanna Gréasáin. Ní mór é sin a fhoilsiú ar an suíomh Gréasáin de réir na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, 2020.<br>• Ní mór an timpeallacht foghlama fíorúla, an córas bainistíochta foghlama agus uirlisí foghlama digití a bheith inrochtana. Is féidir an breiseán inrochtaineachta Moodle a cheannach chun tacú le teagascóirí a bhfuil Moodle á úsáid acu inrochtaineacht a n-inneachair a sheiceáil.<br>• Ní mór gach ceann dár suíomhanna Gréasáin agus dár gcainéil meán sóisialta a sheiceáil chun comhlíonadh na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, 2020, a chinntiú.<br>• Ba cheart Córas Bainistíochta Foghlama a bheith ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar chúrsaí oiliúna creidiúnaithe. Tacaíonn Córais Bhainistíochta Foghlama/Timpeallachtaí Fíorúla Foghlama leis an gcumas chun nótaí cúrsa a shaincheapadh agus bíonn rochtain acu ar acmhainní d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus d'fhoghlaimeoirí a d'fhéadfadh a bheith as láthair ar feadh tréimhse fhada de dheasca breoiteachta. | Seoladh suíomh Gréasáin nua do Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman a bhfuil inrochtaineacht bhreisithe aige.<br>Seiceáladh an suíomh chun a fháil amach an bhfuil aon inneachar dorochtana ann nó nach bhfuil.<br>Rinneadh ráiteas inrochtaineachta Gréasáin a eisiúint agus a uaslódáil.<br>Tacaíonn an Fhoireann Cumarsáide le hinneachar rochtain don suíomh Gréasáin. |

| | Príomh-Mholadh | Gníomhartha | Torthaí |
|---|---|---|---|
| 10 | De bhreis ar rochtain agus cúrsaí spriocdhírithe a chruthú, ba cheart do Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman a bheith réamhghníomhach maidir le conairí cuimsitheacha a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí imeallaithe sa Bhreisoideachas agus Oiliúint. | • Ba cheart foghlaimeoirí ar chláir spriocdhírithe conairí i dtreo soláthar príomhshrutha a bheith acu.<br>• Leis an mbeartas um Rochtain, Aistriú agus Dul Chun Cinn, ní mór do bhaill foirne faisnéis shoiléir a thabhairt d'fhoghlaimeoirí faoi chonairí chuig cláir, ó chláir agus laistigh de chláir agus faoi na dámhachtainí agus na cáilíochtaí a d'fhéadfaí a bhaint amach. | Tá Seirbhísí Treorach Phort Láirge agus Loch Garman um Oideachas Aosach ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí agus ba cheart iad a úsáid chun foghlaimeoirí a threorú chuig deiseanna oideachais agus chuig bealaí dul chun cinn. |
| 11 | Ar aon dul le tiomantas Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman do bheith ina fhostóir comhdheiseanna, ní mór bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm chun éagsúlacht ár bhfoirne a mhéadú agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid ár spriocanna maidir le fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí, atá le méadú ó 3% go 6%. | • Deiseanna socrúcháin oibre a sholáthar do dhaoine mionlaigh nó do dhaoine faoi mhíbhuntáiste chun éagsúlacht ár bhfoirne a mhéadú, amhail an Clár Willing Able Mentoring (WAM) ó AHEAD nó an Clár Socrúcháin Taithí Oibre, atá ina dhreasacht nua ón Roinn Coimirce Sóisialaí.<br>• Ba cheart agallaimh inrochtana agus roinnt Socruithe Réasúnacha don phróiseas agallaimh a fhógairt.<br>• Bearta dearfacha fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas chun cuótaí Earnála Poiblí a shroicheadh.<br>• Oiliúint Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe do phainéil agallaimh. | |

| | Príomh-Mholadh | Gníomhartha | Torthaí |
|---|---|---|---|
| 12 | Ba cheart an rochtain atá ag foghlaimeoirí ar thacaí sa Bhreisoideachas agus Oiliúint a imscrúdú agus a chaighdeánú, lena n-áirítear tacaíocht acadúil, tacaí míchumais agus tacaí folláine ar fud an tsoláthair lánaimseartha agus an tsoláthair pháirtaimseartha. Ciste Cruatain a chruthú d'fhoghlaimeoirí nach féidir leo tabhairt faoin oideachas nó é a chur i gcrích mar gheall ar ualaí airgeadais.<br>Ba cheart tacaí réamhghníomhacha folláine a bheith ar fáil do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí agus ba cheart iad a threorú chuig na tacaí meabhairshláinte pobail atá ar fáil dóibh. | • Forbairt a dhéanamh ar iarratas inmheánach ar chistiú le haghaidh tacaí foghlaimeoirí chun cothromas a sholáthar d'fhoghlaimeoirí Iar-Ardteistiméireachta nach bhfaigheann cistiú ó SOLAS (ciste do dhaltaí faoi mhíchumas) le haghaidh socruithe réasúnacha.<br>• Bunachar sonraí tacaí míchumais a chruthú le haghaidh acmhainní agus na scéime iasachtaithe trealaimh.<br>• Doiciméad um measúnú ar riachtanais a chur ar fáil agus a scaipeadh ar an bhfoireann de réir na hoibleagáide reachtúla. Plean Tacaíochta um Riachtanais Foghlama agus Oideachais a chur ar fáil de réir an dea-chleachtais i bpleananna foghlama saincheaptha aonair d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas.<br>• Scéim iasachtaithe ríomhairí glúine a bhunú.<br>• Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le ciste cruatain a sholáthar dóibh sin atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, lena n-áirítear iompar, acmhainní agus tacaí cúram leanaí atá cosúil leo sin atá sa Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn san Ardoideachas.<br>• Grúpa oibre um thacaíocht foghlaimeoirí a fhorbairt.<br>• Tacaí dearfacha meabhairshláinte a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn d'fhoghlaimeoirí, agus treorú ann chuig tacaí pobail atá ann cheana.<br>• Folláine a leabú inár soláthar Oideachais agus Oiliúna. | Forbraíodh an próiseas tacaí agus cistiúcháin míchumais d'fhoghlaimeoirí páirtaimseartha agus d'fhoghlaimeoirí nach foghlaimeoirí Iar-Ardteistiméireachta iad.<br>Cruthaíodh doiciméid um Measúnú ar Riachtanais agus um Thacaí Riachtanas Foghlama agus Oideachais don Bhreisoideachas agus Oiliúint.<br>Tá treorú chuig tacaí meabhairshláinte ar fáil ar an suíomh SharePoint um Rochtain agus Cuimsiú ar an Mol foirne.<br>Foilsíodh Creat Meabhairshláinte Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann.<br>Tá an scéim iasachtaithe ríomhairí glúine ar fáil i bhformhór na seirbhísí. |

| | Príomh-Mholadh | Gníomhartha | Torthaí |
|---|---|---|---|
| 13 | Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar thacaí scoile, ar riachtanais speisialta oideachais, ar uaireanta acmhainní, ar Bhéarla mar Theanga Bhreise agus ar dhiancheachtanna agus ba cheart a chinntiú go mbeidh tacaíocht á tabhairt do chohóirt tosaíochta. | | Tá cleachtadh léarscáilithe á chur i gcrích chun cothromas an tsoláthair i scoileanna a chinntiú. |
| 14 | Bearta réamhghníomhacha um chuimsiú inár soláthar oideachais agus inár n-áit oibre do na baill foirne agus na foghlaimeoirí sin atá faoi réir idirdhealaithe agus míbhuntáiste sa tsochaí.<br>Is iad seo na grúpaí atá sainaitheanta faoin reachtaíocht um chomhionannas agus faoi straitéisí náisiúnta;<br>• LADTAIÉ+<br>• Imircigh<br>• Daoine faoi Mhíchumas<br>• An Lucht Siúil<br>• Cúramóirí<br>• Tuismitheoirí Aonair<br>• Cine | • Réitigh a chruthú ar bhacainní eacnamaíocha ar rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint, cosúil leis an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn san Ardoideachas.<br>• Roghanna oiliúna níos solúbtha agus tacaí níos solúbtha a chruthú do chúramóirí, do thuismitheoirí aonair agus do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, lena n-áirítear deiseanna foghlama hibridí agus deiseanna foghlama cumaisc, agus tacaí ann don litearthacht dhigiteach agus do scéim iasachtaithe teicneolaíochta cuidithí.<br>• Aghaidh a thabhairt ar na neamhionannais idir foghlaimeoirí is Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus foghlaimeoirí Freagartha Éigeandála maidir le díolúintí ó tháillí Iar-Ardteistiméireachta.<br>• An soláthar i gcláir spriocdhírithe a mhéadú agus na tacaí do dheiseanna le haghaidh aistriú agus dul chun cinn a mhéadú.<br>• Léirítear sa Straitéis um Chomhionannas Ciníocha agus sna Prionsabail Frithchiníochais ar fhoilsigh an tÚdarás um Ard-Oideachas iad na neamhionannais struchtúracha atá le fáil i sochaí na hÉireann agus leagtar béim iontu ar Chlaontacht Neamh-Chomhfhiosach. Leis an straitéis um Chuimsiú Ciníocha, tacaítear le hearcú cuimsitheach san earnáil Ardoideachais. Ba cheart straitéis den chineál céanna a chur chun cinn i mBord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman.<br>• Ba cheart beartais chuimsitheacha, beartas a thacaíonn le teaghlaigh, beartas cúramóirí agus socruithe réasúnacha do bhaill foirne faoi mhíchumas a bheith ar fáil don fhoireann agus a fhógairt ar an Mol foirne. | |



# 19. Conclúid

Ní mór do gach comhlacht earnála poiblí cloí le dualgas na hearnála poiblí agus Measúnú a dhéanamh, Aghaidh a thabhairt agus Tuairisciú ar Chomhionannas agus Cearta an Duine dá bhfoireann agus do na daoine a bhfreastalaíonn siad orthu, a mhéid a bhaineann lena bhfeidhm. Ní mór dóibh Idirdhealú a Dhíchur, Comhionannas a Chur Chun Cinn agus Cearta an Duine atá ag a bhfoireann agus a n-úsáideoirí seirbhíse a Chosaint. Ní mór dóibh sainaithint a dhéanamh ar bhearnaí féideartha i soláthar agus ar na deiseanna breise atá ann chun bheith réamhghníomhach ar fud gach réimse dá soláthar.

Mar chomhlacht poiblí, ní mór do Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman sain-aithint a dhéanamh ar na bearta um Chearta an Duine atá á ndéanamh aige cheana féin faoi phleananna agus straitéisí difriúla agus iad a ainmniú freisin mar bhearta um Chearta an Duine agus Comhionannas. Cuirfear an obair sin i gcrích sna chéad chéimeanna eile: na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ar Dhualgas Earnála Poiblí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Sa tuarascáil seo, rinneamar Measúnú ar cheisteanna tosaíochta Comhionannais agus Chearta an Duine agus leagamar amach faoi na Príomhghníomhartha an ghníomhaíocht atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na gníomhartha tosaíochta laistigh den tuarascáil seo. Eiseofar faisnéis faoi dhul chun cinn ar na gníomhartha sin agus leagfar tosaíochtaí nua amach gach bliain. Tá ceanglas ann an Dualgas a chomhtháthú isteach i bpleananna straitéiseacha agus i dtuarascálacha bliantúla toisc gur oibleagáid leanúnach é nach mór faireachán, athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh air i ngach timthriall pleanála straitéisí (IHREC, 2020).

Shainaithin an Bord Oideachais agus Oiliúna 'amanna tábhachtacha' laistigh dár dtimthriallta pleanála agus meastóireachta, ar amanna iad ag a dtabharfar tuairisc ar ghníomhartha agus bearta a rinneadh faoi Dhualgas Earnála Poiblí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Tá sliocht ó chód cleachtais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas maidir leis an oibleagáid atá orainn ábhar a fhoilsiú leagtha amach in Aguisín 1.

# Aguisín 1:
## Cód Cleachtais maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

### Bearta Feidhmíochta

Chun comhlíonadh an Dualgais sa chleachtas a chinntiú, agus chun an comhlíonadh sin a thaispeáint, ba cheart do chomhlacht poiblí bearta feidhmíochta cuí a fhorbairt.

Is féidir go mbeidh na moltaí seo a leanas úsáideach do chomhlacht poiblí agus é ag forbairt bearta feidhmíochta chun idirdhealú a laghdú agus chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn san áit oibre agus le linn dó a chuid seirbhísí a sholáthar don phobal:

- athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an próiseas trína gcinntíonn an comhlacht poiblí comhlíonadh an Dualgais;
- athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar an dóigh a gcoimeádann an comhlacht poiblí taifid ar chomhlíonadh an Dualgais;
- athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar a mhéid a d'éirigh leis na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a sainaithníodh sa mheasúnú uaidh ar chomhionannas agus cearta an duine.
- athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar mhiontuairiscí an chomhlachta phoiblí (nó aon doiciméid den chineál céanna) ina dtaifeadtar cinntí maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an chomhlachta phoiblí, chun a fháil amach cé acu a tugadh nó nár tugadh aird ar na nithe atá leagtha amach in alt 42(1) agus cinntí á ndéanamh.
- faisnéis, fianaise agus ábhar eile is gá a bhailiú chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú an chomhlachta phoiblí ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais. D'fhéadfaí sonraí ábhartha staidrimh agus cáilíochtúla atá ar fáil don chomhlacht poiblí a bhailiú mar chuid den obair sin.

Ní liosta uileghabhálach é sin, agus is faoin gcomhlacht poiblí atá sé a chinneadh cé na bearta feidhmíochta a fhorbróidh sé chun idirdhealú a laghdú agus chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn san áit oibre agus le linn dó a chuid seirbhísí a sholáthar don phobal.

### Caighdeáin Oibríochtúla

Chun comhlíonadh an Dualgais sa chleachtas a chinntiú, agus chun an comhlíonadh sin a thaispeáint, ba cheart do chomhlacht poiblí caighdeáin oibríochtúla cuí a fhorbairt.

Is féidir go mbeidh na moltaí seo a leanas úsáideach do chomhlacht poiblí agus é ag forbairt caighdeáin

oibríochtúla chun idirdhealú a laghdú agus chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn san áit oibre agus le linn dó a chuid seirbhísí a sholáthar don phobal:

- Dearadh agus cur chun feidhme a dhéanamh ar phróiseas trína gcinntíonn an comhlacht poiblí comhlíonadh an Dualgais, lena n-áirítear comhairliúchán leis an bhfoireann agus le húsáideoirí seirbhíse, de réir mar is cuí;
- Sainaithint a dhéanamh ar an bhfaisnéis, ar an bhfianaise agus ar an ábhar eile is gá le haghaidh mheasúnú an chomhlachta phoiblí ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais, ar bhonn ginearálta agus le linn beartais a ghlacadh agus cinntí a dhéanamh a bhfuil tionchar suntasach acu ar chomhionannas agus cearta an duine;
- Taifid a choimeád ar an measúnú ar na ceisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a mheasann an comhlacht poiblí a bheith iomchuí maidir lena fheidhmeanna agus lena chuspóir, lena n-áirítear taifid ar aon fhaisnéis, aon fhianaise nó aon ábhar eile a bhreithnigh an comhlacht le linn an mheasúnaithe uaidh, an dáta ar a ndearnadh an measúnú, agus an próiseas a seoladh chun an measúnú a dhéanamh;
- Taifid a choimeád ar na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm, nó a bhfuil sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm, chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a shainaithin an comhlacht poiblí sa mheasúnú uaidh;
- Taifid a choimeád ar an modh ar ar comhtháthaíodh an Dualgas isteach i gcomhlíonadh fheidhmeanna an chomhlachta phoiblí;
- Measúnú tionchair ar chomhionannas agus cearta an duine a dhéanamh sula nglacfar aon bheartas, agus sula ndéanfar aon chinneadh, a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige do chomhionannas agus cearta an duine;
- Taifid a choimeád ar chinnteoireacht an chomhlachta phoiblí, ina dtaispeántar gur thug an comhlacht poiblí aird ar an ngá atá ann an t-idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine atá ag a chomhaltaí, a fhoireann agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint. Is féidir go n-áireofar le taifid den sórt sin an measúnú uaidh ar chearta an duine agus comhionannas, **na beartais, na pleananna agus na gníomhartha** atá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a sainaithníodh sa mheasúnú uaidh, agus aon mheasúnuithe tionchair ar chomhionannas agus cearta an duine a rinne sé, ach gan a bheith teoranta dóibh;
- I gcás go nglacfar beartas agus/nó go ndéanfar cinneadh a bhféadfadh impleachtaí a bheith aige do chomhionannas agus cearta an duine, ba cheart é sin a thaifeadadh go cuí i dtaifid an chomhlachta phoiblí, cibé acu i miontuairiscí, i dtuarascáil nó ar shlí eile.

Ní liosta uileghabhálach é sin, agus is faoin gcomhlacht poiblí atá sé a chinneadh cé na caighdeáin oibríochtúla a fhorbróidh sé chun idirdhealú a laghdú agus chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn san áit oibre agus le linn dó a chuid seirbhísí a sholáthar don phobal.

Le linn dó an measúnú uaidh ar chearta an duine agus comhionannas, agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a sainaithníodh sa mheasúnú uaidh, a thaifeadadh sa phlean straitéiseach uaidh (cibé tuairisc atá air), is féidir go gcuirfidh comhlacht poiblí an ráiteas seo a leanas nó ráiteas den chineál céanna ar áireamh:

> *Rinne an comhlacht poiblí measúnú ar na ceisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a chreideann sé a bheith iomchuí maidir lena fheidhmeanna agus lena chuspóir. Tá an measúnú sin ar fáil go poiblí [mar aguisín a ghabhann leis an bplean straitéiseach] ar shuíomh Gréasáin an chomhlachta phoiblí ag [CUIR ISTEACH NASC] [agus lena iniúchadh ag a oifig(í)]*
> *De bhun an mheasúnaithe sin, chuir an comhlacht poiblí na beartais, na pleananna agus na gníomhartha seo a leanas i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a chreideann sé a bheith iomchuí maidir lena fheidhmeanna agus lena chuspóir: [CUIR ISTEACH LIOSTA DE BHEARTAIS, PLEANANNA AGUS GNÍOMHARTHA].*

Le linn dó forbairtí agus éachtaí – i ndáil leis na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bhfuil sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a sainaithníodh sa mheasúnú uaidh – a thuairisciú sa tuarascáil bhliantúil uaidh (cibé tuairisc atá uirthi), is féidir go gcuirfidh comhlacht poiblí an ráiteas seo a leanas ar áireamh:

> *Is iad seo a leanas na forbairtí agus na héachtaí i ndáil leis na beartais, na pleananna agus na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm (nó a bhfuil sé beartaithe ag an gcomhlacht poiblí iad a chur i bhfeidhm) chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a mheas an comhlacht poiblí a bheith iomchuí maidir lena fheidhmeanna agus lena chuspóir: [CUIR ISTEACH].*
> *Tá faisnéis bhreise faoi na forbairtí agus na héachtaí sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an chomhlachta phoiblí ag [CUIR ISTEACH] [agus lena hiniúchadh ag a oifig(í)].*

Le linn dó an breithniú a rinne sé ar an Dualgas i gcomhthéacs a chinnteoireachta a thaifeadadh, is féidir go gcuirfidh comhlacht poiblí an ráiteas seo a leanas nó ráiteas den chineál céanna ar áireamh:

> *Agus é ag teacht ar an gcinneadh seo, thug an Bord aird ar na tosca atá sainaitheanta in alt 42(1)(a)-(c) d'Acht 2014 agus rinne sé breithniú ar leith ar [Liostaigh an fhaisnéis, an t-ábhar agus/nó an fhianaise iomchuí]*

## Straitéisí Coisctheacha i Scríbhinn

Chun comhlíonadh an Dualgais sa chleachtas a chinntiú, agus chun an comhlíonadh sin a thaispeáint, ba cheart do chomhlacht poiblí straitéisí coisctheacha cuí a fhorbairt agus na straitéisí sin a thaifeadadh i scríbhinn.

Is féidir go mbeidh na moltaí seo a leanas úsáideach do chomhlacht poiblí agus é ag forbairt straitéisí coisctheacha i scríbhinn chun idirdhealú a laghdú agus chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn san áit oibre agus le linn dó a chuid seirbhísí a sholáthar don phobal:

- a chinntiú go bhfuil próiseas cuí i bhfeidhm chun oiliúint a sholáthar don lucht bainistíochta agus don fhoireann ar an Dualgas;
- taifid a choimeád ar oiliúint, lena n-áirítear taifid ar cé na daoine ar soláthraíodh oiliúint dóibh agus cén uair a soláthraíodh an oiliúint sin;
- an Dualgas a chur san áireamh sna caighdeáin agus sna próisis rialachais chorparáidigh is infheidhme, lena n-áirítear aon phróisis chinnteoireachta agus aon taifid ar chinntí;
- a chinntiú go ndéantar tagairt chuí don Dualgas i bplean straitéiseach agus tuarascáil bhliantúil an chomhlachta phoiblí (cibé tuairisc atá air nó uirthi);
- a chinntiú go dtéitear i mbun comhairliúchán cuí leis an bhfoireann agus le húsáideoirí seirbhíse le linn measúnú an chomhlachta phoiblí ar chearta an duine agus comhionannas a dhéanamh, le linn beartais, pleananna agus gníomhartha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a sain-aithníodh sa mheasúnú uaidh, agus le linn aon bheartas a ghlacadh nó aon chinneadh a dhéanamh a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige do chomhionannas agus cearta an duine;
- faisnéis, fianaise agus ábhar eile is gá a bhailiú le haghaidh mheasúnú an chomhlachta phoiblí ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais. D'fhéadfaí sonraí ábhartha staidrimh agus cáilíochtúla atá ar fáil don chomhlacht poiblí a bhailiú mar chuid den obair sin.

Ní liosta uileghabhálach é sin, agus is faoin gcomhlacht poiblí atá sé a chinneadh cé na straitéisí coisctheacha a fhorbróidh sé chun idirdhealú a laghdú agus chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn san áit oibre agus le linn dó a chuid seirbhísí a sholáthar don phobal.

## Athbhreithniú i ndáil le Dualgas na hEarnála Poiblí

De réir alt 42(5) den Acht, i gcás go measfaidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go bhfuil fianaise ann ar mhainneachtain ag comhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar mhodh atá i gcomhréir le halt 42(1) agus gur cuí sna himthosca go léir déanamh amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an gcomhlacht poiblí:

- athbhreithniú a dhéanamh i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an gcomhlacht sin, ag féachaint d'alt 42(1), nó
- plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur i ngníomh i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an gcomhlacht sin, ag féachaint d'alt 42(1).

De réir alt 42(6) den Acht, féadfaidh baint a bheith ag athbhreithniú nó ag plean gníomhaíochta:

- le comhionannas deiseanna nó cearta an duine i gcoitinne, nó
- le gné áirithe de chearta an duine nó den idirdhealú, sa chomhlacht poiblí lena mbaineann.

Le linn dó an chumhacht athbhreithnithe atá aige a fheidhmiú, féadfaidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a iarraidh ar chomhlacht poiblí roinnt den fhaisnéis seo a leanas nó an fhaisnéis seo a leanas ar fad a thabhairt dó:

- an tuarascáil bhliantúil nó na tuarascálacha bliantúla uaidh agus an plean straitéiseach nó na pleananna straitéiseacha uaidh (cibé tuairisc atá uirthi nó air nó orthu);
- taifid ar an measúnú nó na measúnuithe ar chearta an duine agus comhionannas a rinneadh;
- taifid ar na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm, nó a bhfuil sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm, chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a sainaithníodh in aon mheasúnú nó aon mheasúnuithe den sórt sin;
- taifid ar na caighdeáin oibríochtúla, na straitéisí coisctheacha agus na bearta feidhmíochta atá i bhfeidhm chun an Dualgas a chomhlíonadh;
- taifid ar an bpróiseas a sheol an comhlacht poiblí chun an Dualgas a chomhlíonadh agus/nó taifid ar an bhfaisnéis, ar an bhfianaise nó ar an ábhar eile a breithníodh le linn mheasúnú an chomhlachta ar chearta an duine agus comhionannas agus/nó taifid ar an oiliúint a soláthraíodh don lucht bainistíochta agus don fhoireann. Aon taifid eile a bhaineann le comhlíonadh a Dhualgais ag an gcomhlacht poiblí, lena n-áirítear taifid ar na nithe seo a leanas: an dóigh ar comhtháthaíodh an Dualgas isteach i gcomhlíonadh fheidhmeanna an chomhlachta phoiblí agus/nó na caighdeáin rialachais chorparáidigh is infheidhme; na measúnuithe tionchair ar chomhionannas agus cearta an duine a rinneadh; agus/nó cinnteoireacht an chomhlachta phoiblí i ndáil le ceisteanna chearta an duine agus comhionannais i gcoitinne.

# Tagairtí


SOLAS, 2018. Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí 2018-2020, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman. Ar fáil ar líne ag https://www.wwetb.ie/wp-content/uploads/2022/12/WWETB-Strategy-Statement-2018-2022.pdf. Arna rochtain an 30/03/2023

Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, 2018. Ráiteas Straitéise 2018-2022. Ar fáil ar líne ag https://www.wwetb.ie/wp-content/uploads/2022/12/WWETB-Strategy-Statement-2018-2022.pdf. Arna rochtain an 30/03/2023

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2022. Ráiteas Straitéise 2022-2024. Ar fáil ar líne ag https://www.ihrec.ie/app/uploads/2022/02/IHREC_StrategyStatement_FA-v2.pdf. Arna rochtain an 30/03/2023

Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, 2021. ATHBHREITHNIÚ TIONSCNAIMH QQI AR DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA I mBOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA – TUARASCÁIL FÉINMHEASTÓIREACHTA Ó BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA PHORT LÁIRGE AGUS LOCH GARMAN. Ar fáil ar líne ag https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-09/waterford-and-wexford-etb-self-evaluation-report-2021.pdf. Arna rochtain an 30/03/2023

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2020. Céard a deir an dlí? https://www.ihrec.ie/guides-and-tools/human-rights-and-equality-in-the-provision-of-good-and-services/what-does-the-law-say/. Arna rochtain an 30/032023

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2022. Éire agus Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac. Ar fáil ar líne ag https://www.ihrec.ie/app/uploads/2023/01/Ireland-and-the-Council-of-Europe-Convention-on-preventing-and-combating-violence-against-women.pdf. Arna rochtain an 30/032023

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm. Ar fáil ar líne ag https://www.ihrec.ie/app/uploads/2022/08/IHREC_Public_Sector_Duty_Final_Eng_WEB.pdf. Arna rochtain an 30/03/2023

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2015. Human Rights Explained: Guide to Human Rights Law. Ar fáil ar líne ag https://www.ihrec.ie/download/pdf/ihrec_human_rights_explained.pdf. Arna rochtain an 30/03/2023

An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Rialtas na hÉireann, 2022. Cearta an Duine in Éirinn. Ar fáil ar líne ag https://www.dfa.ie/our-role-policies/international-priorities/human-rights/human-rights-in-ireland/#:~:tex-

t=The%20Department%20of%20Foreign%20Affairs,protect%20and%20uphold%20human%20rights. Arna rochtain an 30/03/2023

Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018, arna lua in Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2022. Treoir maidir leis an Acht um Stádas Comhionann. Ar fáil ar líne ag https://www.ihrec.ie/guides-and-tools/human-rights-and-equality-in-the-provision-of-good-and-services/what-does-the-law-say/equal-status-acts/#:~:text=The%20Equal%20Status%20Acts%202000,membership%20of%20the%20Traveller%20community. Arna rochtain an 30/03/2023

An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Leabhar Reachtanna na hÉireann. Ar fáil ar líne ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/25/enacted/en/html. Arna rochtain an 30/03/2023

An tAcht Oideachais, 1998. Leabhar Reachtanna na hÉireann. Ar fáil ar líne ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/1998/act/51/enacted/en/html. Arna rochtain an 30/03/2023

An tAcht um Míchumas 2005. Leabhar Reachtanna na hÉireann. Ar fáil ar líne ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/14/enacted/en/html. Arna rochtain an 30/03/2023

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 – 2015. Leabhar Reachtanna na hÉireann. Ar fáil ar líne ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/1998/act/21/enacted/en/html. Arna rochtain an 30/03/2023

An Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, 2020. Leabhar Reachtanna na hÉireann. Ar fáil ar líne ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/2020/si/358/made/en/print. Arna rochtain an 31/03/2023

An tAcht um Obair don Aos Óg, 2001. Leabhar Reachtanna na hÉireann. Ar fáil ar líne ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/2001/act/42/enacted/en/html. Arna rochtain an 31/03/2023

Ionad Pavee don Lucht Siúil agus do Romaigh agus An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2018). Romaigh in Éirinn – Measúnú Náisiúnta ar Riachtanais

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, 2021. The FREDA principles outlined in Curtice M, Exworthy T. FREDA: a human rights-based approach to healthcare. The Psychiatrist. 2010;34(150-156)

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020, Sochaí Níos Fearr a Chruthú do Chách, Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn, Bealtaine 2017 – Iúil 2018

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, 2017. Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020, Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair

BDPfA, 1995. Dearbhú Bhéising agus Clár Oibre le haghaidh Gníomhaíochta, Mná na Náisiún Aontaithe. Ar fáil ar líne ag https://www.un.org/womenwatch/daw/beijing/pdf/BDPfA%20E.pdf. Arna rochtain an 31/03/2023

An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Leabhar Reachtanna na hÉireann. Ar fáil ar líne ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/2021/act/20/enacted/en/print.html. Arna rochtain an 31/03/2023

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, 2022. Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige 2022. Ar fáil ar líne ag https://www.gov.ie/en/publication/36f69-gender-pay-gap-report-2022/. Arna rochtain an 31/03/2023

An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC), 2019. Sraith Taighde: Caring and Unpaid Work in Ireland. Helen Russell, Raffaele Grotti, Frances McGinnity agus Ivan Privalko. Ar fáil ar líne ag https://www.esri.ie/system/files/publications/BKMNEXT382_0.pdf. Arna rochtain an 31/03/2023

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, 2022. An tAire O'Gorman, Rialtas na hÉireann – Preaseisiúint. Ar fáil ar líne ag https://www.gov.ie/en/press-release/aa331-minister-ogorman-announces-introduction-of-gender-pay-gap-reporting-in-2022/. Arna rochtain an 31/03/2023

Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC), 2022

EIGE, 2021. Tuarascáil an Innéacs Comhionannais Inscne 2021. Ar fáil ar líne ag https://eige.europa.eu/countries/ireland.

Arna rochtain an 21/03/2023

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, 2020. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine: Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Chearta an Duine. Ar fáil ar líne ag https://lcetb.ie/wp-content/uploads/2021/11/LCETB_PSD_Assessment_Report.pdf. Arna rochtain an 21/03/2023

Cúnamh do Mhná, 2020. Bileog Eolais maidir le Feimeamharú, 2020. Ar fáil ar líne ag womens_aid_femicide_factsheet_2020.pdf (womensaid.ie). Arna rochtain an 31/03/2023

Smyth agus McCoy, 2021. Díospóireacht an Chomhchoiste Oireachtais um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht – an 30 Samhain 2021

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, 2020. Ireland – Overview of the Education System. Ar fáil ar líne ag Education GPS – Ireland – Overview of the education system (EAG, 2022) (oecd.org). Arna rochtain an 03/04/2023

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union
wwetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman
Waterford and Wexford Education and Training Board
SOLAS
learning works
Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman á chomhchistiú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach

wwetb
Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
*Waterford and Wexford*
*Education and Training Board*

Ceannoifig,
Ard Chaomháin,
Páirc Gnó Ard Chaomháin,
Co. Loch Garman, Y35 P9EA

Teil.: 053 9123799
Ríomhphost: info@wwetb.ie